# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 157

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 66

20 Meitheamh 2023

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2023/1182 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE** ([1]) ..... 1

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1183 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó** ..... 8

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch** ..... 11

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a bhunú agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte** ..... 20

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1186 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2023 lena gcláraítear ainm i gclár um shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [‘Kullings kalvdans’ (TGFC)]** ..... 34

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1187 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur** ........ 35

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1188 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/386/CBES maidir le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol** ........ 46

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/1189 ón gComhairle An 19 Meitheamh 2023 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó** ........ 47

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2023/1182 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Meitheamh 2023**

**maidir le rialacha sonracha a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 168(4), pointe (c), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i gcrích thar ceann an Aontais le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle ([3]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar lena linn a lean dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tháinig deireadh léi an 31 Nollaig 2020.

(2) Is cuid dhílis den Chomhaontú um Tharraingt Siar é an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal').

([1]) Tuairim an 27 Aibreán 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Bealtaine 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 30 Bealtaine 2023.
([3]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

(3) Tá feidhm ag forálacha dlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal, faoi na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Áirítear ar an liosta sin Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Dá bhrí sin, maidir le táirgí íocshláinte a chuirtear ar an margadh i dTuaisceart Éireann, ní mór dóibh na forálacha sin de dhlí an Aontais a chomhlíonadh.

(4) I dTreoir 2001/83/CE leagtar síos rialacha maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a údarú.

(5) Chun cás sonrach Thuaisceart Éireann a chur san áireamh, is iomchuí rialacha sonracha a ghlacadh a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann.

(6) Is iomchuí a shoiléiriú gur cheart feidhm a bheith ag forálacha dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann, mura rud é go leagtar síos rialacha sonracha sa Rialachán seo. I gcás ina bhfuil feidhm ag rialacha sonracha an Rialacháin seo, agus i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir rialacha sonracha an Rialacháin seo agus forálacha dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal, ba cheart tosaíocht a bheith ag rialacha sonracha an Rialacháin seo.

(7) Thairis sin, tá sé tábhachtach a áirithiú nach mbeidh riosca méadaithe don tsláinte phoiblí sa mhargadh inmheánach mar thoradh ar chur i bhfeidhm na rialacha sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo.

(8) Ba cheart a áireamh sna rialacha sonracha toirmeasc ar na gnéithe sábháilteachta dá dtagraítear i dTreoir 2001/83/CE a thaispeáint ar an bhforphacáistíocht nó, i gcás nach bhfuil aon fhorphacáistíocht ann, ar neasphacáistíocht na dtáirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann agus toirmeasc ar tháirgí íocshláinte nua agus nuálacha ar deonaíodh údarú margaíochta dóibh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann. Thairis sin, ba cheart a áireamh sna rialacha sonracha ceanglais áirithe maidir le lipéadú le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann. Dá thoradh air sin, níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 ón gCoimisiún ([6]) maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann.

(9) I leith táirgí íocshláinte nua agus nuálacha, ba cheart d'údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe a bheith in ann údarú a thabhairt chun na táirgí sin a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, is é sin go ndeonófaí an t-údarú i gcomhréir le dlí na Ríochta Aontaithe agus go gcuirfí na táirgí íocshláinte sin ar an margadh i dTuaisceart Éireann faoi théarmaí an údaraithe a dheonaigh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, go gcomhlíonfadh na táirgí íocshláinte sin ceanglais áirithe maidir le lipéadú, agus go mbeadh ráthaíochtaí i scríbhinn curtha ar fáil ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún.

(10) Thairis sin, ba cheart coimircí iomchuí don Aontas a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach méadófar rioscaí don tsláinte phoiblí sa mhargadh inmheánach mar gheall ar chur i bhfeidhm na rialacha sonracha. Ba cheart a áireamh ar na coimircí sin faireachán leanúnach ag údarás inniúil na Ríochta Aontaithe ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bheith á gcur ar an margadh i dTuaisceart Éireann faoi réir rialacha sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo, agus toirmeasc iomlán ar ghluaiseacht táirgí íocshláinte chuig Ballstát nó ar a gcur ar an margadh i mBallstát faoi réir na rialacha sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo.

([4]) Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

([6]) Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin (AE) 2016/161 an 2 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforlíontar Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na gnéithe sábháilteachta atá le feiceáil ar phacáistiú táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 32, 9.2.2016, lch. 1).

(11) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le cur i bhfeidhm roinnt de na rialacha sonracha nó na rialacha sonracha uile a leagtar síos sa Rialachán seo a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil fianaise ann nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ag déanamh bearta iomchuí chun dul i ngleic le sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile ar na rialacha sonracha sin. I gcás den sórt sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le sásra faisnéise agus comhairliúcháin foirmiúil lena mbaineann tréimhsí ama soiléire ar cheart don Choimisiún gníomhú lena linn. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([7]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(12) I gcás fhionraí na rialacha sonracha a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann, ba cheart feidhm a bheith arís ag forálacha ábhartha dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le táirgí íocshláinte den sórt sin.

(13) Chun freagairt éifeachtach thapa ar aon riosca méadaithe don tsláinte phoiblí a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir leis an deis a bheith ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le nós imeachta práinne.

(14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(15) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse chun na rialacha sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine atá ar an margadh cheana féin i dTuaisceart Éireann.

(16) De thoradh ghlacadh an Rialacháin seo, ba cheart Treoir 2001/83/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha sonracha a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine a bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2001/83/CE.

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin rialacha maidir le cur i bhfeidhm na rialacha sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo a chur ar fionraí.

3. Forálacha dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal'), beidh feidhm acu maidir le cur ar an margadh i dTuaisceart Éireann táirgí íocshláinte dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, mura leagtar síos rialacha sonracha sa Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, lena n-áirítear na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 1 de Threoir 2001/83/CE.

([7]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

*Airteagal 3*

**Rialacha sonracha maidir le táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1)**

1. Féadfaidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann cead a thabhairt do shealbhóirí údaruithe dáileacháin mórdhíola nach bhfuil údarú monaraíochta ábhartha ina seilbh acu táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo a allmhairiú isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 40(1a), an chéad fhomhír, pointí (a) go (d) de Threoir 2001/83/CE.

2. Ní bheidh na gnéithe sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 54, pointe (o), de Threoir 2001/83/CE le feiceáil ar an bhfhorphacáistíocht ná, i gcás nach bhfuil aon fhorphacáistíocht ann, ar neasphacáistíocht táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo.

3. I gcás ina bhfuil na gnéithe sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 54, pointe (o), de Threoir 2001/83/CE ar tháirge íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, déanfar na gnéithe sin a bhaint nó a chumhdach ina n-iomláine.

4. Áiritheoidh an duine cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 48 de Threoir 2001/83/CE, i gcás táirge íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, nár greamaíodh na gnéithe sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 54, pointe (o) den Treoir sin ar phacáistíocht an táirge íocshláinte.

5. Ní cuirfear de cheangal ar shealbhóirí údaruithe dáileacháin mórdhíola an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 80, an chéad mhír, pointe (ca), de Threoir 2001/83/CE;

(b) taifid a choimeád a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 80, an chéad mhír, pointe (e), an fhleasc dheiridh, de Threoir 2001/83/CE.

6. I ngach cás ina soláthraítear táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo do dhuine a údaraítear nó atá i dteideal táirgí íocshláinte a sholáthar don phobal, dá dtagraítear in Airteagal 82 de Threoir 2001/83/CE, a mhéid a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ní chuirfear de cheangal ar an mórdhíoltóir údaraithe doiciméad a chur i gceangal trínar féidir baiscuimhir na dtáirgí íocshláinte a fhionnadh i gcomhréir le hAirteagal 82, an chéad mhír, an fhleasc dheiridh, den Treoir sin.

*Airteagal 4*

**Rialacha sonracha maidir le táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo agus a bhaineann leis na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004**

1. Táirge íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo agus a bhaineann leis na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 agus ar deonaíodh údarú margaíochta dó i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin, ní chuirfear ar an margadh é i dTuaisceart Éireann.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, táirge íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo agus a bhaineann leis na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, féadfar é a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile:

(a) d'údaraigh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe cur ar an margadh an táirge íocshláinte i gcomhréir le dlí na Ríochta Aontaithe agus faoi théarmaí an údaraithe a dheonaigh siad;

(b) déantar an táirge íocshláinte lena mbaineann a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo;

(c) tugann an Ríocht Aontaithe ráthaíochtaí i scríbhinn don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Rialacha sonracha maidir le lipéadú táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1)**

Beidh lipéad aonair ar tháirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh an lipéad ceangailte de phacáistíocht an táirge íocshláinte in áit fheiceálach sa chaoi is go mbeidh sí sofheicthe, soléite agus doscriosta; le haon ábhar scríofa nó pictiúrtha nó le haon ábhar idirghabhálach eile, ní dhéanfar an lipéad a fholú ná a chlúdach, ná ní bhainfidh an t-ábhar sin de ná ní chuirfidh sé isteach air;

(b) luafar ann na focail 'UK only'.

*Airteagal 6*

**Faireachán ar tháirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1)**

Déanfaidh údarás inniúil na Ríochta Aontaithe faireachán leanúnach ar chur ar an margadh na dtáirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) i dTuaisceart Éireann agus ar fhorfheidhmiú éifeachtach na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagail 3, 4 agus 5.

*Airteagal 7*

**Toirmeasc ar ghluaiseacht táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) chuig Ballstát nó ar a gcur ar an margadh i mBallstát**

1. Ní dhéanfar táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a aistriú ó Thuaisceart Éireann go Ballstát nó a chur ar an margadh i mBallstát.

2. Cuirfidh na Ballstáit pionóis éifeachtacha comhréireacha athchomhairleacha i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonadh na rialacha sonracha a leagtar síos sa Rialachán seo.

*Airteagal 8*

**Ráthaíochtaí i scríbhinn arna soláthar ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún**

Tabharfaidh an Ríocht Aontaithe ráthaíochtaí i scríbhinn don Choimisiún nach méadófar an riosca don tsláinte phoiblí sa mhargadh inmheánach nuair a chuirfear na táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1(1) ar an margadh agus nach n-aistreofar táirgí íocshláinte den sórt sin chuig Ballstát, lena n-áirítear ráthaíochtaí a thabharfaidh an méid seo a leanas:

(a) comhlíonann oibreoirí eacnamaíocha na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 5;

(b) tá faireachán, forfheidhmiú agus rialuithe éifeachtacha ar na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagail 3, 4 agus 5 i bhfeidhm agus déantar iad a chur i gcrích trí bhíthin, inter alia, cigireachtaí agus iniúchtaí.

*Airteagal 9*

**Na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagail 3, 4 agus 5 a chur ar fionraí**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar chur i bhfeidhm na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagail 3, 4 agus 5 ag an Ríocht Aontaithe.

2. I gcás ina mbeidh fianaise ann nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ag déanamh bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe tromchúiseacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile ar na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagail 3, 4 agus 5, cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe ar an eolas trí fhógra i scríbhinn.

Go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta an fhógra sin i scríbhinn dá dtagraítear sa chéad fhomhír, maidir leis an staid is cúis leis an bhfógra sin i scríbhinn, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe d'fhonn an staid sin a réiteach. I gcásanna a bhfuil údar leo, féadfaidh an Coimisiún síneadh 3 mhí eile a chur leis an tréimhse sin.

3. An staid is cúis leis an bhfógra i scríbhinn dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, den Airteagal seo, mura bhfuil sí réitithe laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, den Airteagal seo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 11 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha sonracha a shonrú as measc na bhforálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a gcuirfear a gcur i bhfeidhm ar fionraí go sealadach nó go buan.

4. I gcás ina nglactar gníomh tarmligthe i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, na rialacha sonracha d'Airteagail 3, 4 agus 5 mar a shonraítear sa ghníomh tarmligthe sin, scoirfidh siad d'fheidhm a bheith acu ar an gcéad lá den mhí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin.

5. I gcás ina réitítear an staid is cúis le glacadh an ghnímh tharmligthe i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 11 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha sonracha sin atá ar fionraí in Airteagail 3, 4 agus 5 agus a mbeidh feidhm acu arís a shonrú.

6. I gcás ina nglactar gníomh tarmligthe i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, na rialacha sonracha in Airteagail 3, 4 agus 5 mar a shonraítear sa ghníomh tarmligthe sin, beidh feidhm acu arís an chéad lá den mhí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin.

*Airteagal 10*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 14. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 11*

**Nós imeachta práinne**

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

*Airteagal 12*

**Forálacha idirthréimhseacha maidir le ceanglais choimirce**

Maidir le táirgí íocshláinte a cuireadh ar an margadh go dleathach i dTuaisceart Éireann roimh an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 14, agus nach ndéantar iad a athphacáistiú ná a athlipéadú tar éis an dáta sin, féadfar iad a chur ar fáil ar an margadh i dTuaisceart Éireann go dtí a ndáta éaga gan aon cheanglas na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagail 3, 4 agus 5 a chomhlíonadh.

*Airteagal 13*

**Leasú ar Threoir 2001/83/CE**

Scriostar Airteagal 5a de Threoir 2001/83/CE le héifeacht ón dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo.

*Airteagal 14*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, ar choinníoll gur thug an Ríocht Aontaithe na ráthaíochtaí i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 8 agus go bhfuil an fógra dá dtagraítear sa chúigiú mír den Airteagal seo foilsithe ag an gCoimisiún roimh an dáta sin.

I gcás ina soláthrófar na ráthaíochtaí i scríbhinn sin níos luaithe ná an 1 Eanáir 2025 nó níos déanaí ná an dáta sin, beidh feidhm ag an Rialachán seo ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ar lena linn a sholáthróidh an Ríocht Aontaithe na ráthaíochtaí sin i scríbhinn.

Laistigh de 1 mhí tar éis na ráthaíochtaí sin i scríbhinn a fháil, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle lena measúnú ar na ráthaíochtaí sin i scríbhinn.

Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina dtabharfar an dáta óna mbeidh feidhm ag an Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 14 Meitheamh 2023.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1183 ÓN gCOMHAIRLE

**an 19 Meitheamh 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 an 18 Iúil 2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) Tar éis bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gcásanna T-93/22 ([2]) agus T-94/22 ([3]), ba cheart dhá iontráil a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn Ia ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.
([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Márta 2023, Ramazani Shadary v an Chomhairle, T-93/22, ECLI:EU:T:2023:122.
([3]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Márta 2023, Mutondo v an Chomhairle, T-94/22, ECLI:EU:T:2023:120.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
E. BUSCH

*IARSCRÍBHINN*

Scriostar na hiontrálacha seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005:

'8. Emmanuel Ramazani SHADARY;

9. Kalev MUTONDO.'

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1184 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10 Feabhra 2023**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 27(3), an seachtú fomhír di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch tábhachtach chun sciar an fhuinnimh inathnuaite a mhéadú in earnálacha ar dóigh iad a bheith ag brath ar bhreoslaí gásacha agus leachtacha ar feadh i bhfad, amhail an earnáil mhuirí agus earnáil na heitlíochta. Is gá modheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le leictreachas a úsáidtear le haghaidh breoslaí iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a mheas a bheith go hiomlán inathnuaite. Chuige sin agus i bhfianaise na gcuspóirí foriomlána comhshaoil i dTreoir (AE) 2018/2001, is gá rialacha soiléire a leagan síos, bunaithe ar chritéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha. Mar phrionsabal, ní mheastar breoslaí leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgtear ó leictreachas a bheith inathnuaite ach amháin nuair atá an leictreachas inathnuaite. Féadfar an leictreachas inathnuaite sin a sholáthar le suiteáil atá nasctha go díreach leis an tsuiteáil (leictrealóir de ghnáth) ina dtáirgtear breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, nó féadfaidh sé teacht go díreach ón eangach.

(2) Tá luach fuinnimh na mbreoslaí iompair leachtacha agus gásacha inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch uile, nach mór, bunaithe ar hidrigin inathnuaite a tháirgtear trí leictrealú. Tá déine astaíochtaí na hidrigine a tháirgtear ó leictreachas iontaise i bhfad níos airde ná déine astaíochtaí na hidrigine a tháirgtear ó ghás nádúrtha i ngnáthphróisis. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go bhfreastalófar le leictreachas inathnuaite ar an éileamh ar leictreachas chun breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh. Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, is soiléire agus is láidre fós an gá atá ag an Aontas le haistriú tapa chuig fuinneamh glan agus chun a spleáchas ar allmhairí breoslaí iontaise a laghdú. Sa Teachtaireacht maidir le RepowerEU ([2]), leag an Coimisiún a straitéis amach chun a bheith neamhspleách ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh dheireadh na deacáide. Tá ról tábhachtach ag breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san iarracht sin agus chun spleáchas ar allmhairí breoslaí iontaise i gcoitinne a laghdú. Dá bhrí sin, tá na critéir atá le leagan síos tábhachtach freisin chun a chosc gurbh é an toradh a bheadh ar an éileamh ar leictreachas chun an hidrigin is gá a tháirgeadh le haghaidh breoslaí iompair inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch go dtiocfadh méadú ar allmhairí breoslaí iontaise ón Rúis chun an leictreachas ba ghá a tháirgeadh.

(3) Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan beann ar cé acu a tháirgtear an breosla iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais. I gcás ina ndéantar tagairt do chrios tairisceana agus do thréimhse réiteach míchothromaíochtaí, coincheapa arb ann dóibh san Aontas ach nach amhlaidh atá i ngach tír eile, is iomchuí a cheadú do tháirgeoirí breosla i dtríú tíortha brath ar choincheapa coibhéiseacha ar choinníoll go gcoinnítear cuspóir an Rialacháin seo ar bun agus go gcuirtear an fhoráil chun feidhme bunaithe ar an gcoincheap is cosúla arb ann dó sa tríú tír lena mbaineann. I gcás criosanna tairisceana, is éard a d'fhéadfadh a bheith sa choincheap sin rialacháin chomhchosúla mhargaidh, saintréithe fisiceacha na heangaí leictreachais, go háirithe an leibhéal idirnascachta, nó mar rogha dheireanach, saintréithe fisiceacha na tíre.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.
([2]) COM(2022) 108 final

(4) Ciallaíonn cineál nuaghinte thionscal na hidrigine, a shlabhra luacha agus an margadh gur minic a bhíonn pleanáil agus tógáil suiteálacha lena ngintear leictreachas inathnuaite chomh maith le suiteálacha ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch faoi réir moilleanna móra ar na próisis cheadaithe agus constaicí eile gan choinne, d'ainneoin go sceidealaítear iad a theacht i bhfeidhm an tráth céanna. Is iomchuí, dá bhrí sin, ar mhaithe leis an indéantacht phraiticiúil, tréimhse ama suas le 36 mhí a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu a tháinig suiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite i bhfeidhm tar éis na suiteála ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, nó an tráth céanna léi. Nuair a fhaightear leictreachas inathnuaite chun breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh trí nasc díreach ó shuiteáil ina dtáirgtear leictreachas inathnuaite nach bhfuil nasctha leis an eangach, léirítear go dtáirgtear an leictreachas sa tsuiteáil sin. Mar sin féin, más rud é nach amháin go bhfuil an tsuiteáil ina dtáirgtear leictreachas inathnuaite agus an tsuiteáil ina dtáirgtear hidrigin nasctha go díreach le chéile ach go bhfuil siad nasctha leis an eangach freisin, ba cheart fianaise a sholáthar go soláthraítear an leictreachas a úsáidtear chun hidrigin a tháirgeadh tríd an nasc díreach. Ba cheart don tsuiteáil a sholáthraíonn leictreachas trí nasc díreach chun hidrigin a tháirgeadh leictreachas inathnuaite a sholáthar i gcónaí. Má sholáthraíonn sé leictreachas neamh-inathnuaite, níor cheart a mheas gur inathnuaite an hidrigin a eascraíonn as sin.

(5) I gcriosanna tairisceana inar mó an sciar de leictreachas inathnuaite cheana féin, ba cheart a mheas go bhfuil leictreachas a thógtar ón eangach go hiomlán inathnuaite ar choinníoll go bhfuil líon na n-uaireanta lánlóid de bhreosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de tháirgeadh tionscnaimh neamhbhitheolaíoch teoranta don sciar den leictreachas inathnuaite sa chrios tairisceana agus go meastar go bhfuil aon táirgeacht a sháraíonn an sciar sin neamh-inathnuaite. Ní gá suiteálacha breise ina dtáirgtear leictreachas inathnuaite a chur isteach ós rud é gur féidir glacadh leis go réasúnta gur féidir an critéar 70 % maidir le coigilteas gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 25(2) de Threoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh trí hidrigin inathnuaite a tháirgeadh i gcrios tairisceana inar mó ná 90 % an sciar d'fhuinneamh inathnuaite agus go bhféadfadh sé dúshláin a chruthú maidir le hoibriú an chórais leictreachais.

(6) Ar an gcuma chéanna, i gcriosanna tairisceana ina bhfuil déine astaíochtaí an leictreachais faoi bhun 18 gCO2eq/MJ, ní gá suiteálacha breise a tháirgeann leictreachas inathnuaite a chur isteach chun an laghdú 70 % ar astaíochtaí maidir le hidrigin inathnuaite a bhaint amach. I gcásanna den sórt sin, is iomchuí a mheas go bhfuil leictreachas a thógtar ón eangach go hiomlán inathnuaite ar choinníoll go léirítear airíonna inathnuaite an leictreachais le comhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaiteán agus trí chritéir maidir le comhchoibhneas ama agus geografach a chur i bhfeidhm. Mura gcomhlíonfaí na coinníollacha agus na critéir sin, chuirfí cosc ar leictreachas a úsáidtear chun breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha a tháirgeadh a mheas mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite.

(7) Is iomchuí freisin a mheas go bhfuil leictreachas a thógtar ón eangach go hiomlán inathnuaite tráth a dtacaíonn táirgeadh breosla inathnuaite iompair leachtaigh nó ghásaigh de thionscnamh neamhbhitheolaíoch le comhtháthú na giniúna cumhachta inathnuaite sa chóras leictreachais agus a laghdaíonn sé an gá le giniúint leictreachais inathnuaite a athsheoladh.

(8) I ngach cás eile, le táirgeadh hidrigine inathnuaite, ba cheart imscaradh na hacmhainneachta nua giniúna leictreachais inathnuaite a spreagadh, agus ba cheart é a dhéanamh tráth agus in áiteanna a bhfuil leictreachas inathnuaite ar fáil (comhchoibhneas ama agus geografach) chun dreasachtaí le haghaidh tuilleadh giniúint leictreachais iontaise a sheachaint. Ós rud é gur minic a bhíonn moilleanna móra ar na próisis cheadaithe chun suiteálacha lena ngintear leictreachas inathnuaite a phleanáil agus a thógáil, is iomchuí a mheas go bhfuil suiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite nua más rud é gur tháinig sí i bhfeidhm tráth nach luaithe ná 36 mhí roimh an tsuiteáil ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.

(9) Is uirlis oiriúnach iad comhaontuithe ceannacháin cumhachta chun imscaradh na hacmhainneachta nua giniúna leictreachais inathnuaite a spreagadh ar choinníoll nach bhfaigheann an acmhainneacht nua giniúna leictreachais inathnuaite tacaíocht airgeadais ós rud é go bhfuiltear ag tacú leis an hidrigin inathnuaite cheana féin trí bheith incháilithe le háireamh i dtaca leis an oibleagáid ar sholáthróirí breosla a leagtar amach in Airteagal 25 de Threoir (AE) 2018/2001. De rogha air sin, maidir leis an méid leictreachais inathnuaite is gá chun breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, d'fhéadfadh táirgeoirí breosla é sin a tháirgeadh in acmhainneacht giniúna leictreachais inathnuaite ar leo féin í. Le cealú an chomhaontaithe

ceannacháin cumhachta, níor cheart dochar a dhéanamh don fhéidearthacht go measfaí fós gur suiteáil nua í an tsuiteáil ina dtáirgtear leictreachas inathnuaite nuair a chumhdaítear le comhaontú nua ceannacháin cumhachta í. Thairis sin, aon síneadh leis an tsuiteáil ina dtáirgtear hidrigin inathnuaite lena méadaítear a hacmhainneacht táirgeachta, féadfar a mheas gur tháinig sé i bhfeidhm an tráth céanna leis an tsuiteáil bhunaidh. Sheachnófaí leis sin an gá a d'fhéadfadh a bheith ann comhaontuithe ceannacháin cumhachta a thabhairt i gcrích le suiteálacha éagsúla gach uair a bheadh síneadh ann, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin. Níor cheart a mheas gur cabhair oibriúcháin nó cabhair infheistíochta í tacaíocht airgeadais a aisíoctar nó tacaíocht airgeadais le haghaidh talún nó chun an tsaoráid giniúna cumhachta inathnuaite a cheangal leis an eangach.

(10) Mar gheall ar chineál athraitheach roinnt foinsí fuinnimh inathnuaite lena n-áirítear cumhacht ghaoithe agus grianfhuinneamh, chomh maith le plódú na heangaí leictreachais, d'fhéadfadh sé nach mbeadh leictreachas inathnuaite ar fáil i gcónaí chun hidrigin inathnuaite a tháirgeadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha a leagan amach lena n-áiritheofar go dtáirgfear hidrigin inathnuaite tráth agus in áiteanna a bhfuil leictreachas inathnuaite ar fáil.

(11) Chun a léiriú go dtáirgtear hidrigin inathnuaite nuair atá leictreachas inathnuaite ar fáil, ba cheart do tháirgeoirí hidrigine a léiriú go dtáirgtear hidrigin inathnuaite le linn na míosa féilire céanna ina dtáirgtear an leictreachas inathnuaite, go n-úsáideann an leictrealóir leictreachas inathnuaite stóráilte, nó go n-úsáideann an leictrealóir leictreachas tráth a mbíonn praghsanna leictreachais chomh híseal sin nach bhfuil giniúint leictreachais iontaise inmharthana ó thaobh an gheilleagair de agus, dá bhrí sin, go spreagann éileamh breise ar leictreachas níos mó táirgeadh leictreachais inathnuaite agus nach spreagann sé méadú ar ghiniúint leictreachais iontaise. Ba cheart an critéar maidir le sioncrónú a éirí níos déine nuair a bheidh fáil ar mhargaí, bonneagair agus teicneolaíochtaí lena gcumasaítear coigeartú tapa ar tháirgeadh hidrigine agus sioncrónú idir giniúint leictreachais agus táirgeadh hidrigine.

(12) Ceaptar criosanna tairisceana chun plódú na heangaí laistigh den chrios a sheachaint. Chun a áirithiú nach mbeidh aon phlódú san eangach leictreachais idir an leictrealóir a tháirgeann hidrigin inathnuaite agus an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite, is iomchuí a cheangal gur cheart an dá shuiteáil a bheith lonnaithe sa chrios tairisceana céanna. I gcás ina bhfuil siad lonnaithe i gcriosanna tairisceana idirnasctha, ba cheart praghas an leictreachais sa chrios tairisceana ina bhfuil an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite lonnaithe a bheith cothrom le nó níos airde ná praghas an leictreachais sa chrios tairisceana ina dtáirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach agus gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch ionas go gcuidíonn sé le plódú a laghdú; nó ba cheart an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite faoin gcomhaontú ceannacháin cumhachta a bheith lonnaithe i gcrios tairisceana eischósta atá idirnasctha leis an gcrios tairisceana ina bhfuil an leictrealóir lonnaithe.

(13) Chun aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí náisiúnta chriosanna tairisceana na mBallstát agus chun tacú le pleanáil chomhtháite na ngréasán leictreachais agus hidrigine, ba cheart cead a bheith acu critéir bhreise maidir le suíomh na leictrealóirí laistigh de chriosanna tairisceana a leagan amach.

(14) D'fhéadfadh táirgeoirí breosla roghanna éagsúla a úsáid le chéile chun leictreachas a áireamh a úsáidtear chun breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh ar bhealach solúbtha ar choinníoll nach gcuirtear ach rogha amháin i bhfeidhm maidir le gach aonad ionchuir leictreachais. Chun a fhíorú ar cloíodh leis na rialacha i gceart, is iomchuí a iarraidh ar sholáthróirí breoslaí doiciméadú críochnúil a dhéanamh ar na roghanna a cuireadh i bhfeidhm chun leictreachas inathnuaite a fháil a úsáidtear chun breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh. Meastar go mbeidh ról tábhachtach ag scéimeanna deonacha agus scéimeanna náisiúnta i gcur chun feidhme agus i ndeimhniú na rialacha i dtríú tíortha ós rud é go gceanglaítear ar na Ballstáit glacadh leis an bhfianaise arna fáil ó scéimeanna deonacha aitheanta.

(15) Le hAirteagail 7 agus 19 de Threoir (AE) 2018/2001, soláthraítear dearbhuithe leordhóthanacha nach n-éilítear airíonna inathnuaite an leictreachais a úsáidtear chun hidrigin inathnuaite a tháirgeadh ach aon uair amháin agus in aon earnáil chríochúsáide amháin. Agus sciar foriomlán den fhuinneamh inathnuaite in olltomhaltas deiridh fuinnimh á ríomh, áirithítear le hAirteagal 7 den Treoir sin nach gcuirfear breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh ós rud é gur cuireadh an leictreachas inathnuaite a úsáideadh chun iad a tháirgeadh san áireamh cheana féin. Le hAirteagal 19 den Treoir sin ba cheart a sheachaint gur féidir le táirgeoir an leictreachais inathnuaite agus táirgeoir na mbreoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgtear ón leictreachas sin ráthaíochtaí tionscnaimh a fháil trína áirithiú go gcuirfear ar ceal na ráthaíochtaí tionscnaimh a eisítear do tháirgeoir an leictreachais inathnuaite.

(16) Cuirtear bac ar chur chun feidhme an chomhchoibhnis ama sa ghearrthéarma mar gheall ar bhacainní teicneolaíochta chun meaitseáil in aghaidh na huaire a thomhas, na himpleachtaí dúshlánacha le haghaidh dearaí leictrealóirí, chomh maith leis an easpa bonneagair hidrigine lena gcumasaítear stóráil agus iompar hidrigine inathnuaite chuig úsáideoirí deiridh a bhfuil gá acu le soláthar leanúnach hidrigine. Chun an borradh faoi tháirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chumasú, ba cheart na critéir maidir leis an gcomhchoibhneas ama a bheith níos solúbtha le linn na céime tosaigh, rud a ligfeadh do ghníomhaithe margaidh na réitigh theicneolaíocha is gá a chur i bhfeidhm.

(17) I ngeall ar an am is gá chun suiteálacha lena ngintear leictreachas inathnuaite a phleanáil agus a thógáil agus ar an easpa suiteálacha nua lena ngintear leictreachas inathnuaite nach bhfaigheann tacaíocht, níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5, pointí (a) agus (b), den Rialachán seo go dtí tráth níos déanaí.

(18) Ba cheart go dtiocfadh laghdú ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise chun leictreachas a ghiniúint le himeacht ama agus an Comhaontú Glas don Eoraip á chur chun feidhme agus ba cheart go dtiocfadh méadú ar an sciar d'fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite. Ba cheart don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an mbealach a dtiteann é sin amach sin agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo, go háirithe ar neartú de réir a chéile na gceanglas maidir leis an gcoibhneas ama, maidir le costais táirgthe, ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar an gcóras fuinnimh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 1 Iúil 2028 ar a dhéanaí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha mionsonraithe maidir lena chinneadh cathain is féidir a mheas go bhfuil leictreachas a úsáidtear chun breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh go hiomlán inathnuaite. Beidh feidhm ag na rialacha sin maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch trí leictrealú agus beidh feidhm ar aon dul leo maidir le conairí táirgthe nach bhfuil chomh coitianta céanna.

Beidh feidhm acu gan beann ar cé acu a tháirgtear an breosla iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "crios tairisceana" crios tairisceana mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (65), de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) i gcás na mBallstát, nó coincheap coibhéiseach i gcás tríú tíortha;

(2) ciallaíonn "sreang dhíreach" sreang dhíreach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (41), de Threoir 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]);

(3) ciallaíonn "suiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite" aonaid aonair, nó grúpaí aonad, ina dtáirgtear leictreachas i suíomh amháin nó níos mó ón bhfoinse inathnuaite chéanna nó ó fhoinsí inathnuaite éagsúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001, cé is moite d'aonaid ina dtáirgtear leictreachas ó bhithmhais agus aonaid stórála;

([3]) Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

([4]) Treoir 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

(4) ciallaíonn "táirgeoir breosla" oibreoir eacnamaíoch a tháirgeann breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch;

(5) ciallaíonn "teacht i bhfeidhm" tús a chur le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch nó leictreachais inathnuaite den chéad uair nó tar éis athchumhachtaithe mar a shainmhínítear faoi Airteagal 2, pointe (10), de Threoir (AE) 2018/2001 a éilíonn infheistíochtaí is mó ná 30 % den infheistíocht a bheadh ag teastáil chun suiteáil nua chomhchosúil a thógáil;

(6) ciallaíonn "córas méadraithe chliste" córas méadraithe chliste mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (23), de Threoir (AE) 2019/944;

(7) ciallaíonn "tréimhse réiteach míchothromaíochtaí" tréimhse réiteach míchothromaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (15), de Rialachán (AE) 2019/943 laistigh den Aontas, nó coincheap coibhéiseach i gcás tríú tíortha.

*Airteagal 3*

**Rialacha maidir le leictreachas a fhaightear ó nasc díreach le suiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite**

Chun a léiriú go gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 27(3), an cúigiú fomhír, de Threoir (AE) 2018/2001 chun leictreachas a fhaightear ó nasc díreach le suiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite, soláthróidh an táirgeoir breosla fianaise ar an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil na suiteálacha lena ngintear leictreachas inathnuaite nasctha leis an tsuiteáil ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch trí shreang dhíreach, nó go dtáirgtear an leictreachas inathnuaite agus an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch laistigh den tsuiteáil chéanna;

(b) gur tháinig na suiteálacha lena ngintear leictreachas inathnuaite i bhfeidhm tráth nach luaithe ná 36 mhí roimh an tsuiteáil ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; i gcás ina gcuirfear acmhainneacht táirgeachta bhreise le suiteáil atá ann cheana ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, measfar gur cuid den tsuiteáil atá ann cheana an acmhainneacht bhreise, ar choinníoll go gcuirfear an acmhainneacht léi ag an suíomh céanna agus go dtarlóidh sin tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na suiteála tosaigh;

(c) nach bhfuil an tsuiteáil ina dtáirgtear leictreachas nasctha leis an eangach, nó go bhfuil an tsuiteáil ina dtáirgtear leictreachas nasctha leis an eangach ach go léiríonn córas méadraithe chliste lena ndéantar gach sreabh leictreachais ón eangach a thomhas nár tógadh aon leictreachas ón eangach chun breosla inathnuaite iompair leachtach ná gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh.

Má úsáideann an táirgeoir breosla leictreachas ón eangach freisin, féadfar é a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite má chomhlíonann sé na rialacha a leagtar amach in Airteagal 4.

*Airteagal 4*

**Rialacha ginearálta maidir le leictreachas a thógtar ón eangach a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite**

1. Féadfaidh táirgeoirí breosla leictreachas a thógtar ón eangach a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite más rud é go bhfuil an tsuiteáil ina dtáirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch lonnaithe i gcrios tairisceana inar mhó meánchion an leictreachais inathnuaite ná 90 % an bhliain féilire roimhe sin agus nach mó táirgeadh an bhreosla inathnuaite iompair leachtaigh ná ghásaigh de thionscnamh neamhbhitheolaíoch an t-uaslíon uaireanta a shocraítear i ndáil le cion an leictreachais inathnuaite sa chrios tairisceana.

Déanfar an t-uaslíon uaireanta sin a ríomh tríd an líon iomlán uaireanta i ngach bliain féilire a iolrú faoin sciar den leictreachas inathnuaite a thuairisceofar maidir leis an gcrios tairisceana ina dtáirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. Déanfar meánsciar an leictreachais inathnuaite a chinneadh trí olltomhaltas deiridh an leictreachais ó fhoinsí inathnuaite sa chrios tairisceana arna ríomh de réir analaí leis na rialacha a

leagtar amach in Airteagal 7(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a roinnt ar an olltáirgeacht leictreachais ó gach foinse fuinnimh mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008, cé is moite d'uisce a pumpáladh in aghaidh an fhána roimhe sin, móide allmhairí lúide onnmhairí leictreachais chuig an gcrios tairisceana. Nuair is mó meánsciar an leictreachais inathnuaite ná 90 % i mbliain féilire, leanfar dá mheas a bheith níos airde ná 90 % le haghaidh na 5 bliana féilire ina dhiaidh sin.

2. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach faoi mhír 1, féadfaidh táirgeoirí breosla leictreachas a thógtar ón eangach a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite má tá an tsuiteáil ina dtáirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch lonnaithe i gcrios tairisceana ina bhfuil déine astaíochtaí an leictreachais níos ísle ná 18 g$CO_2$eq/MJ, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

(a) tá comhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán amháin nó níos mó tugtha i gcrích go díreach nó trí idirghabhálaithe ag táirgeoirí breosla le hoibreoirí eacnamaíocha a tháirgeann leictreachas inathnuaite i suiteáil amháin nó níos mó lena ngintear leictreachas inathnuaite ar mhéid atá comhionann ar a laghad leis an méid leictreachais a mhaítear a bheith go hiomlán inathnuaite agus go dtáirgtear iarbhír an leictreachas a mhaítear sa tsuiteáil sin nó sna suiteálacha sin;

(b) comhlíontar na coinníollacha maidir le comhchoibhneas ama agus geografach i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7;

Cinnfear déine astaíochtaí an leictreachais de réir an chur chuige chun meándéine carbóin leictreachais eangaí a ríomh sa mhodheolaíocht lena gcinntear na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001, ar bhonn na sonraí is déanaí atá ar fáil.

Nuair a bheidh déine astaíochtaí an leictreachais níos ísle ná 18 g$CO_2$eq/MJ i mbliain féilire, leanfar de mheándéine astaíochtaí an leictreachais a mheas a bheith níos ísle ná 18 g$CO_2$eq/MJ le haghaidh na 5 bliana féilire ina dhiaidh sin.

3. Féadfar leictreachas a thógtar ón eangach a úsáidtear chun breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite má thomhlófar an leictreachas a úsáidtear chun breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh le linn tréimhse réiteach míchothromaíochtaí inar féidir leis an táirgeoir breosla a léiriú, bunaithe ar fhianaise ó oibreoir an chórais tarchurtha náisiúnta, an méid seo a leanas:

(a) rinneadh athsheoladh íslitheach ar shuiteálacha giniúna cumhachta a úsáideann foinsí fuinnimh inathnuaite i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/943;

(b) leis an leictreachas a tomhlaíodh chun breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, laghdaíodh an gá le hathsheoladh faoi mhéid comhfhreagrach.

4. I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha i míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh táirgeoirí breosla leictreachas a thógtar ón eangach a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite má chomhlíonann sé na coinníollacha maidir le breisíocht, comhchoibhneas ama agus comhchoibhneas geografach i gcomhréir le hAirteagail 5, 6 agus 7.

*Airteagal 5*

**Breisíocht**

Measfar an coinníoll breisíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(4), an chéad fhomhír a bheith comhlíonta má tháirgeann táirgeoirí breosla méid leictreachais inathnuaite ina suiteálacha féin atá comhionann ar a laghad leis an méid leictreachais a mhaítear a bheith go hiomlán inathnuaite, nó más rud é go bhfuil comhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán amháin nó níos mó tugtha i gcrích go díreach nó trí idirghabhálaithe ag táirgeoirí breosla le hoibreoirí eacnamaíocha a tháirgeann leictreachas inathnuaite i suiteáil amháin nó níos mó ar mhéid leictreachais inathnuaite atá comhionann ar a laghad leis an méid leictreachais a mhaítear a bheith go hiomlán inathnuaite agus go dtáirgtear iarbhír an leictreachas a mhaítear sa tsuiteáil sin nó sna suiteálacha sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 (IO L 304, 14.11.2008, lch. 1).

(a) Tháinig an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite i bhfeidhm tráth nach luaithe ná 36 mhí roimh an tsuiteáil ina dtáirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.

I gcás inar chomhlíon suiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite na ceanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo faoi chomhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán le táirgeoir breosla a bhfuil deireadh tagtha leis, measfar gur tháinig sí bhfeidhm an tráth céanna leis an tsuiteáil ina dtáirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch faoi chomhaontú nua ceannacháin cumhachta inathnuaiteán.

I gcás ina gcuirfear acmhainneacht táirgeachta bhreise le suiteáil atá ann cheana ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, measfar gur tháinig an acmhainneacht bhreise i bhfeidhm an tráth céanna leis an tsuiteáil tosaigh, ar choinníoll go gcuirfear an acmhainneacht léi ag an suíomh céanna agus go dtarlóidh sin tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na suiteála tosaigh.

(b) Níl tacaíocht faighte ag an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite i bhfoirm cabhair oibriúcháin nó cabhair infheistíochta, cé is moite de thacaíocht a fuair suiteálacha sula ndearnadh iad a athchumhachtú, tacaíocht airgeadais le haghaidh talún nó chun ceangal leis an eangach, tacaíocht nach glantacaíocht atá inti, amhail tacaíocht atá aisíoctha go hiomlán agus tacaíocht le haghaidh suiteálacha lena ngintear leictreachas inathnuaite a sholáthraíonn suiteálacha ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtacha nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáidtear le haghaidh taighde, tástála agus taispeántais.

*Airteagal 6*

**Comhchoibhneas ama**

Go dtí an 31 Nollaig 2029, measfar an coinníoll maidir le comhchoibhneas ama dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (4) a bheith comhlíonta má tháirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch le linn na míosa féilire céanna ina dtáirgtear an leictreachas inathnuaite a tháirgtear faoin gcomhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán nó ó leictreachas inathnuaite ó shócmhainn stórála nua atá lonnaithe taobh thiar den phointe céanna ceangailte líonra leis an leictrealóir nó leis an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite, a luchtaíodh le linn na míosa féilire céanna inar táirgeadh an leictreachas faoin gcomhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán.

Ón 1 Eanáir 2030, measfar an coinníoll maidir le comhchoibhneas ama a bheith comhlíonta má tháirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch le linn na tréimhse céanna uair an chloig ina dtáirgtear an leictreachas inathnuaite a tháirgtear faoin gcomhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán nó ó leictreachas inathnuaite ó shócmhainn stórála nua atá lonnaithe taobh thiar den phointe céanna ceangailte líonra leis an leictrealóir nó leis an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite, a luchtaíodh le linn na tréimhse céanna uair an chloig inar táirgeadh an leictreachas faoin gcomhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán. Tar éis do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi, féadfaidh siad na rialacha a leagtar amach sa mhír seo a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2027 maidir le breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna tháirgeadh ina gcríoch.

Measfar an coinníoll maidir le comhchoibhneas ama a bheith comhlíonta i gcónaí má tháirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch le linn tréimhse uair an chloig i gcás ina bhfuil an praghas imréitigh an leictreachais a eascraíonn as cúpláil an mhargaidh lá amháin roimh ré sa chrios tairisceana, dá dtagraítear in Airteagal 39(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún ([6]), níos ísle nó cothrom le EUR 20/MWh nó níos ísle ná a 0.36 oiread phraghas an liúntais chun tona amháin de choibhéis dé-ocsaíde carbóin a astú le linn na tréimhse ábhartha chun ceanglais Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) a chomhlíonadh.

([6]) Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú (IO L 197, 25.7.2015, lch. 24).

([7]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

*Airteagal 7*

**Comhchoibhneas geografach**

1. Measfar an coinníoll maidir le comhchoibhneas geografach dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus (4) a bheith comhlíonta má chomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas a bhaineann le suíomh an leictrealóra:

(a) tá an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite faoin gcomhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán lonnaithe sa chrios tairisceana céanna leis an leictrealóir, nó bhí sí lonnaithe ann an tráth a tháinig sí i bhfeidhm;

(b) tá an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite lonnaithe i gcrios tairisceana idirnasctha, lena n-áirítear i mBallstát eile, agus tá praghsanna leictreachais le linn na tréimhse ábhartha ama ar an margadh lá roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6 sa chrios tairisceana idirnasctha cothrom le nó níos airde ná mar atá sa chrios tairisceana ina dtáirgtear an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch;

(c) tá an tsuiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite faoin gcomhaontú ceannacháin cumhachta inathnuaiteán lonnaithe i gcrios tairisceana eischósta atá idirnasctha leis an gcrios tairisceana ina bhfuil an leictrealóir lonnaithe.

2. Gan dochar d'Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) 2019/943, féadfaidh na Ballstáit critéir bhreise a thabhairt isteach maidir le suíomh na leictrealóirí agus na suiteála lena ngintear leictreachas inathnuaite anuas ar na critéir a leagtar amach i mír 1, chun comhoiriúnacht na hacmhainneachtaí a chuirfear leis an tsuiteáil le pleanáil náisiúnta na heangaí hidrigine agus leictreachais a áirithiú. Ní bheidh aon tionchar diúltach ag aon chritéar breise ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais.

*Airteagal 8*

**Rialacha coiteanna**

Soláthróidh táirgeoirí breosla faisnéis iontaofa a léireoidh go bhfuil na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagail 3 go 7 á gcomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás gach uair an chloig de réir mar is ábhartha:

(a) an méid leictreachais a úsáidtear chun breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, méid a shonraítear tuilleadh mar a leanas:

(i) an méid leictreachais a fhaightear ón eangach nach n-áirítear mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite chomh maith le cion an leictreachais inathnuaite;

(ii) an méid leictreachais a áirítear mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite toisc go bhfuarthas é ó nasc díreach le suiteáil lena ngintear leictreachas inathnuaite mar a leagtar amach in Airteagal 3;

(iii) an méid leictreachais a fhaightear ón eangach a áirítear mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(1);

(iv) an méid leictreachais a áirítear mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(2);

(v) an méid leictreachais a áirítear mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(3);

(vi) an méid leictreachais a áirítear mar leictreachas atá go hiomlán inathnuaite i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(4);

(b) an méid leictreachais inathnuaite a ghineann na suiteálacha lena ngintear leictreachas inathnuaite, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil siad nasctha go díreach le leictrealóir agus gan beann ar cé acu a úsáidtear an leictreachas inathnuaite chun an breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh nó chun críoch eile;

(c) méideanna an bhreosla inathnuaite agus neamh-inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeann an táirgeoir breosla.

*Airteagal 9*

**Deimhniú comhlíontachta**

Gan beann ar cé acu a tháirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch laistigh de chríoch an Aontais nó lasmuigh di, féadfaidh táirgeoirí breosla úsáid a bhaint as scéimeanna náisiúnta nó scéimeanna deonacha idirnáisiúnta atá aitheanta ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001 chun comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagail 3 go 7 den Rialachán seo a léiriú, i gcomhréir le hAirteagal 8, de réir mar is ábhartha.

I gcás ina soláthróidh táirgeoir breosla fianaise nó sonraí a fuarthas i gcomhréir le scéim a ndearnadh cinneadh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001, sa mhéid go gcumhdaítear leis an gcinneadh sin a léiriú go gcomhlíonann an scéim Airteagal 27(3), an cúigiú fomhír agus an séú fomhír den Treoir sin, ní cheanglóidh Ballstát ar sholáthróirí breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch fianaise bhreise ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach sa Rialachán seo a sholáthar.

*Airteagal 10*

**Tuairisciú**

Faoin 1 Iúil 2028, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar thionchar na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear tionchar an chomhchoibhnis ama, ar chostais táirgthe, ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar an gcóras fuinnimh.

*Airteagal 11*

**Idirthréimhse**

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 5, pointí (a) agus (b) go dtí an 1 Eanáir 2038 maidir le suiteálacha ina dtáirgtear breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a thagann i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2028. Ní bheidh feidhm ag an díolúine sin maidir le hacmhainneacht a chuirfear leis an tsuiteáil tar éis an 1 Eanáir 2028 chun breosla inathnuaite iompair leachtach nó gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh.

*Airteagal 12*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1185 ÓN gCOIMISIÚN

## an 10 Feabhra 2023

## lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a bhunú agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(2) agus Airteagal 28(5) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Agus aird á tabhairt ar an ngá atá le hastaíochtaí gás ceaptha teasa in earnáil an iompair a laghdú go substaintiúil agus ar an bhféidearthacht laghdú nach beag ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a dhéanamh le gach breosla trí theicnící gabhála agus stórála carbóin a chur i bhfeidhm, i measc bearta eile, agus na ceanglais maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa a leagtar síos do bhreoslaí eile i dTreoir (AE) 2018/2001 á gcur san áireamh, ba cheart íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagan síos ag 70 % i gcás gach cineáil breosla carbóin athchúrsáilte.

(2) Ní mór rialacha soiléire a leagan síos, ar rialacha iad a bheidh bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, chun coigiltí astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh i gcás breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus a dtáirgí comparáide breoslaí iontaise.

(3) Ba cheart a chur san áireamh sa mhodheolaíocht chuntasaíochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na hastaíochtaí saolré iomláin ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh agus ba cheart í a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.

(4) Níor cheart creidmheasanna a dheonú maidir le $CO_2$ a ghabháil, ar $CO_2$ é a cuireadh san áireamh cheana faoi fhorálacha eile de dhlí an Aontais. Dá bhrí sin níor cheart a mheas go bhfuil an cineál sin $CO_2$ gafa á sheachaint agus na hastaíochtaí agus na hastaíochtaí ó úsáid na n-ionchur faoi láthair nó a gcinniúint á gcinneadh.

(5) Níl tionscnamh an charbóin a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh ábhartha maidir le laghduithe ar astaíochtaí na mbreoslaí sin a chinneadh sa ghearrthéarma, ós rud é go bhfuil go leor foinsí carbóin ar fáil faoi láthair agus gur féidir é a ghabháil agus dul chun cinn á dhéanamh maidir le dícharbónú. I ngeilleagar atá ar chonair i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050, ba cheart foinsí an charbóin is féidir a ghabháil a bheith gann ón meántéarma go dtí an fadtéarma, agus ba cheart iad a theorannú de réir a chéile do na hastaíochtaí $CO_2$ is deacra a laghdú. Sa bhreis air sin, níl úsáid leanúnach breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte ina bhfuil carbón ó bhreosla neamh-inbhuanaithe comhoiriúnach leis an gconair i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 toisc go mbeadh úsáid leanúnach breoslaí neamh-inbhuanaithe agus a n-astaíochtaí gaolmhara i gceist leis sin. Dá bhrí sin, níor cheart a mheas le gabháil astaíochtaí ó bhreoslaí neamh-inbhuanaithe go bhfuil astaíochtaí á seachaint go ceann tréimhse éiginnte agus na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bharr na húsáide a bhaintear as breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus as breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcinneadh. Ba cheart astaíochtaí a ghabhtar ó dhóchán breoslaí neamh-inbhuanaithe chun leictreachas a tháirgeadh a mheas mar astaíochtaí atá á seachaint suas go dtí 2035, ós rud é gur cheart an chuid is mó díobh a bheith laghdaithe faoin dáta sin, agus ba cheart astaíochtaí ó úsáidí eile breoslaí neamh-inbhuanaithe a mheas mar astaíochtaí a seachnaíodh suas go dtí 2040, toisc go mairfidh na hastaíochtaí sin níos faide. Beidh na dátaí sin faoi réir athbhreithniú i bhfianaise chur chun feidhme na sprice aeráide uile-Aontais do 2040 sna hearnálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Tá an sprioc aeráide uile-Aontais do 2040 le moladh ag an

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.

([2]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

gCoimisiún ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí ón gcéad athbhreithnithe dhomhanda a dhéantar faoi Chomhaontú Pháras, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Le cur chun feidhme na sprice i dTreoir 2003/87/CE, cinnfear a thuilleadh a laghad astaíochtaí a mheastar a bheidh ann i ngach earnáil.

(6) Ba cheart astaíochtaí ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a sheachaint, mar atá astaíochtaí ó phróisis thionsclaíocha nó ó dhóchán breoslaí neamh-inbhuanaithe, fiú dá bhféadfaí iad a ghabháil agus a úsáid chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh. Tá na hastaíochtaí sin faoi réir praghsáil carbóin chun laghduithe ar na hastaíochtaí ó bhreoslaí neamh-inbhuanaithe a dhreasú ar an gcéad dul síos. Dá bhrí sin, i gcás nach gcuirtear na hastaíochtaí sin san áireamh go réamhtheachtach trí phraghsáil éifeachtach carbóin, ní mór cuntas a thabhairt ar na hastaíochtaí sin agus níor cheart iad a mheas mar astaíochtaí a seachnaíodh.

(7) Is féidir breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh i bpróisis éagsúla, agus d'fhéadfadh meascán de chineálacha éagsúla breoslaí eascairt as na próisis sin. Dá bhrí sin, leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ba cheart a bheith in ann na laghduithe iarbhír ar astaíochtaí a dhíorthú ó na próisis sin, lena n-áirítear próisis as a n-eascraíonn breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte araon.

(8) Chun an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte a chinneadh, is gá sciar luach fuinnimh na mbreoslaí sin in aschur próisis a ríomh. Chun na críche sin, ba cheart an codán de gach cineál breosla a chinneadh tríd an ionchur fuinnimh ábhartha le haghaidh an chineáil breosla atá i gceist a roinnt ar iomlán na n-ionchur fuinnimh ábhartha sa phróiseas. I gcás táirgeadh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, is gá a chinneadh ar cheart a mheas an t-ionchur leictreachais ábhartha a bheith iomlán in-athnuaite. Ba cheart an t-ionchur leictreachais ábhartha a áireamh mar ionchur atá iomlán in-athnuaite má chomhlíontar na forálacha faoi Airteagal 27(3) agus faoin gcúigiú agus faoin séú fomhír de Threoir (AE) 2018/2001. Seachas sin, ba cheart meánsciar an leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite i dtír an táirgthe, arna thomhas 2 bhliain roimh an mbliain atá i dtrácht, a úsáid chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite a chinneadh. I gcás táirgeadh breoslaí carbóin athchúrsáilte, ní féidir ach sruthanna leachtacha nó soladacha de thionscnamh neamh-inathnuaite agus nach bhfuil oiriúnach d'aisghabháil ábhair i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus gáis próiseála dramhaíola agus gáis sceite, de thionscnamh neamh-inathnuaite, nach féidir a dtáirgeadh a sheachaint agus nár táirgeadh d'aon turas sa phróiseas táirgthe i suiteálacha tionsclaíocha a mheas mar aschur fuinnimh ábhartha chun breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh.

(9) Ba cheart an táirge comparáide breoslaí iontaise le haghaidh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a leagan síos ag 94 gCO2eq/MJ i gcomhréir leis an luach a leagtar síos le haghaidh bithbhreoslaí agus bithleachtanna i dTreoir (AE) 2018/2001.

(10) Is é an príomhchuspóir atá le breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur chun cinn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht na húsáide a bhaintear as an mbunábhar incháilithe i gcomparáid leis na húsáidí atá ann faoi láthair. Ós rud é go bhféadfadh an bunábhar is féidir a úsáid chun breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh a bheith in úsáid cheana féin chun fuinneamh a tháirgeadh, is iomchuí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as atreorú úsáid na n-ionchur docht sin óna n-úsáid reatha a chur san áireamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa á ríomh. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin maidir le hionchuir dhochta a fhaightear ó phróisis ionchorpraithe agus a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh.

(11) Más as an eangach leictreachais a thógtar an leictreachas a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh agus nach meastar é a bheith go hiomlán in-athnuaite, ba cheart meándéine carbóin an leictreachais a thomhlaítear sa Bhallstát ina dtáirgtear an breosla a chur i bhfeidhm, ós rud é gurb í an meándéine sin an tuairisc is fearr ar dhéine gás ceaptha teasa an phróisis iomláin. De rogha air sin, maidir le leictreachas a thógtar ón eangach leictreachais a úsáidtear i bpróiseas táirgthe breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin

([3]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lgh. 1).

([4]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

athchúrsáilte, ar breoslaí iad nach gcáilíonn mar bhreoslaí atá go hiomlán in-athnuaite de réir Airteagal 27(3) de Threoir (AE) 2018/2001, d'fhéadfaí luachanna astaíochtaí gás ceaptha teasa a shannadh dó ag brath ar líon na n-uaireanta lánlóid a fheidhmíonn an tsuiteáil ina dtáirgtear breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Má mheastar go bhfuil an leictreachas a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh a bheith go hiomlán in-athnuaite de réir na rialacha a leagtar amach in Airteagal 27 de Threoir (AE) 2018/2001, ba cheart déine carbóin nialasach a chur i bhfeidhm ar an soláthar leictreachais sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis an Rialachán seo bunaítear íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhreoslaí carbóin athchúrsáilte agus sonraítear an mhodheolaíocht chun na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a ríomh.

*Airteagal 2*

70 % ar a laghad a bheidh sna laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thiocfaidh as breoslaí carbóin athchúrsáilte a úsáid.

*Airteagal 3*

Cinnfear na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**An mhodheolaíocht chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a chinneadh**

A. MODHEOLAÍOCHT

1. Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh agus úsáid breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte a ríomh mar a leanas:

$$E = e_{i} + e_{p} + e_{td} + e_{u} - e_{ccs}$$

i gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

| | |
|---|---|
| E = | iomlán na n-astaíochtaí ó úsáid an bhreosla ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| $e_{i}$ = | e i leaisteach + e i docht - e iar-úsáid: astaíochtaí ó sholáthar ionchur ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| e i leaisteach = | astaíochtaí ó ionchuir leaisteacha ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| e i leaisteach = | astaíochtaí ó ionchuir dhochta ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| e iar-úsáid = | astaíochtaí ó úsáid na n-ionchur faoi láthair nó a gcinniúint ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| $e_{p}$ = | astaíochtaí ón bpróiseáil ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| $e_{td}$ = | astaíochtaí ón iompar agus ón dáileadh ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| $e_{u}$ = | astaíochtaí ón mbreosla a dhó ina úsáid deiridh ($gCO_2eq$/MJ fuel) |
| $e_{ccs}$ = | laghduithe ar astaíochtaí de bharr gabháil carbóin agus stóráil gheolaíoch ($gCO_2eq$/MJ fuel) |

Ní chuirfear astaíochtaí ó mhonarú innealra agus trealaimh san áireamh.

Cinnfear an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte trí iomlán astaíochtaí an phróisis lena gcumhdaítear gach gné den fhoirmle a roinnt ar mhéid iomlán an bhreosla a eascraíonn as an bpróiseas agus sloinnfear í i dtéarmaí graim de choibhéis $CO_2$ in aghaidh an MJ de bhreosla ($gCO_2eq$/MJ fuel). Más meascán de bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí eile atá i mbreosla, measfar an déine astaíochtaí chéanna a bheith sna cineálacha (breosla) ar fad.

Déanfar eisceacht ón riail sin i gcás comhphróiseáil más rud é nach bhfuil breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcur in ionad an ghnáthionchuir i bpróiseas ach i bpáirt.

Sa chás sin, déanfar idirdhealú agus an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa á ríomh ar bhonn comhréireach luach fuinniúil na n-ionchur idir an méid seo a leanas:

— an chuid den phróiseas atá bunaithe ar an ngnáth-ionchur, agus

— an chuid den phróiseas atá bunaithe ar bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ar bhreoslaí carbóin athchúrsáilte, ar choinníoll gur comhionann na codanna den phróiseas ar gach slí eile.

Cuirfear idirdhealú analógach i bhfeidhm idir próisis i gcás ina ndéantar breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a phróiseáil in éineacht le bithmhais.

Féadfar an déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh mar mheán le haghaidh tháirgeadh iomlán na mbreoslaí a dhéantar le linn tréimhse mí amháin féilire ar a mhéad ach féadfar í a ríomh freisin le haghaidh eatraimh ama níos giorra. I gcás ina n-úsáidtear mar ionchur lena bhfeabhsaítear luach téimh an bhreosla nó na dtáirgí idirmheánacha, leictreachas a cháilíonn mar leictreachas atá go hiomlán in-athnuaite de réir na modheolaíochta a leagtar amach i dTreoir 2018/2001, beidh an t-eatramh ama i gcomhréir leis na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le comhchoibhneas ama. I gcás inarb ábhartha, féadfar luachanna na déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomhtar le haghaidh eatraimh ama aonair a úsáid ansin chun meándéine astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh ar feadh tréimhse suas le mí amháin, ar choinníoll go gcomhlíonann na luachanna aonair a ríomhtar le haghaidh gach tréimhse ama an tairseach íosta laghduithe, arb éard atá inti 70 %.

2. Déanfar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a ríomh mar a leanas:

Laghduithe = $(E_F - E)/E_F$

i gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

| | |
|---|---|
| E = | iomlán na n-astaíochtaí ó úsáid breosla in-athnuaite iompair leachtach agus gásach de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breosla carbóin athchúrsáilte. |
| $E_F$ = | iomlán na n-astaíochtaí ón táirge comparáide breoslaí iontaise. |

I gcás na mbreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch ar fad agus na mbreoslaí carbóin athchúrsáilte ar fad, is éard a bheidh in iomlán na n-astaíochtaí ón táirge comparáide breoslaí iontaise 94 $gCO_2eq/MJ$.

3. Mura gcáilíonn aschur próisis go hiomlán mar bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó mar bhreosla carbóin athchúrsáilte, cinnfear na sciartha ar leith a bhaineann leo san aschur iomlán mar a leanas:

(a) déanfar codán na mbreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a chinneadh tríd an ionchur ábhartha fuinnimh in-athnuaite sa phróiseas a roinnt ar iomlán na n-ionchur fuinnimh ábhartha sa phróiseas.

(b) déanfar codán an bhreosla carbóin athchúrsáilte a chinneadh tríd an ionchur fuinnimh ábhartha a cháilíonn mar fhoinse chun breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh sa phróiseas a roinnt ar iomlán na n-ionchur fuinnimh ábhartha sa phróiseas.

Is é an fuinneamh ábhartha le haghaidh ionchuir ábhair glanluach calrach an ionchuir ábhair a théann isteach i struchtúr móilíneach an bhreosla ([1]).

I gcás ionchuir leictreachais a úsáidtear chun luach calrach an bhreosla nó na dtáirgí idirmheánacha a fheabhsú, is é fuinneamh an leictreachais an fuinneamh ábhartha.

I gcás easgháis thionsclaíocha, is é an fuinneamh san easghás atá bunaithe ar a nglanluach calrach an fuinneamh ábhartha. I gcás teas a úsáidtear chun luach teasa an bhreosla nó an táirge idirmheánaigh a fheabhsú, is é an fuinneamh úsáideach sa teas a úsáidtear chun an breosla a shintéisiú an fuinneamh ábhartha. Is é iomlán an fhuinnimh teasa arna iolrú faoi éifeachtúlacht Carnot an teas úsáideach, mar a shainmhínítear í in Iarscríbhinn V, cuid C, pointe (1)(b) de Threoir (AE) 2018/2001. Ní chuirtear ionchuir eile san áireamh ach amháin nuair a bhíonn déine astaíochtaí an bhreosla á cinneadh.

4. Agus astaíochtaí ó sholáthar ionchur á gcinneadh, déanfar idirdhealú idir ionchuir leaisteacha agus ionchuir dhochta. Is éard atá in ionchuir dhochta na hionchuir sin nach féidir a soláthar a leathnú chun éileamh breise a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is docht gach ionchur a cháilíonn mar fhoinse charbóin chun breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh, chomh maith le haschuir a tháirgtear i gcóimheas seasta trí phróiseas ionchorpraithe ([2]) agus arb éard atá iontu níos lú ná 10 % de luach eacnamaíoch an aschuir. Más 10 % den luach eacnamaíoch é nó níos mó ná sin, láimhseálfar é mar luach leaisteach. I bprionsabal, is éard atá in ionchuir leaisteacha na hionchuir sin ar féidir a soláthar a mhéadú chun éileamh breise a chomhlíonadh. Tagann táirgí peitriliam ó scaglanna faoin gcatagóir seo toisc gur féidir le scaglanna cóimheas a dtáirgí a athrú.

5. Maidir le leictreachas a cháilíonn mar leictreachas atá go hiomlán in-athnuaite i gcomhréir le hAirteagal 27(3) de Threoir 2018/2001, sannfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha dó.

6. Cuirfear ceann de na trí mhodh mhalartacha seo a leanas i bhfeidhm le linn gach bliana féilire chun luachanna astaíochtaí gás ceaptha teasa a shannadh don leictreachas a thógtar ón eangach nach gcáilíonn mar leictreachas atá go hiomlán in-athnuaite i gcomhréir le hAirteagal 27(3) de Threoir (AE) 2018/2001 agus a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh:

(a) sannfar astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir chuid C den Iarscríbhinn seo. Tá sin gan dochar don mheasúnú faoi na rialacha maidir leis an státchabhair;

([1]) Maidir le hionchuir ábhartha ina bhfuil uisce, glactar leis gurb é glanluach calrach na coda tirim den ionchur ábhair an glanluach calrach (i.e. gan an fuinneamh is gá chun an t-uisce a ghalú a chur san áireamh). Ní chuirtear san áireamh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun breoslaí traidisiúnta a tháirgeadh.

([2]) Áirítear ar na próisis ionchorpraithe próisis a tharlaíonn sa choimpléasc tionsclaíoch céanna nó próisis lena soláthraítear an t-ionchur trí bhonneagar soláthair tiomnaithe nó próisis lena soláthraítear níos mó ná leath d'fhuinneamh na n-ionchur ar fad i dtáirgeadh an bhreosla in-athnuaite iompair leachtaigh agus ghásaigh de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó an bhreosla carbóin athchúrsáilte.

(b) sannfar luachanna astaíochtaí gás ceaptha teasa ag brath ar líon na n-uaireanta lánlóid a fheidhmíonn an tsuiteáil ina dtáirgtear breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. I gcás ina bhfuil líon na n-uaireanta lánlóid cothrom le líon uaireanta an chloig ina shocraítear praghas imeallach an leictreachais ag suiteálacha a tháirgeann leictreachas in-athnuaite nó ag gléasraí cumhachta núicléiche sa bhliain féilire roimhe sin, nó níos lú ná an líon sin, ar suiteálacha nó gléasraí cumhachta núicléiche iad a bhfuil sonraí iontaofa ar fáil ina leith, is é $gCO_2eq/MJ$ nialasach an luach astaíochtaí gás ceaptha teasa a shannfar do leictreachas eangaí a úsáidtear i bpróiseas táirgthe breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. I gcás ina sárófar líon sin na n-uaireanta lánlóid, sannfar luach astaíochtaí gás ceaptha teasa arb éard a bheidh ann 183 $gCO_2eq/MJ$ do leictreachas eangaí a úsáidtear i bpróiseas táirgthe breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte; nó

(c) féadfar luach astaíochtaí gás ceaptha teasa an aonaid imeallaigh a ghineann leictreachais tráth tháirgeadh na mbreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch sa chrios tairisceana a úsáid má tá an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí ón oibreoir córais tarchurtha náisiúnta.

Má úsáidtear an modh a leagtar amach i bpointe (b), cuirfear i bhfeidhm é freisin maidir le leictreachas a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh agus a cháilíonn mar leictreachas atá go hiomlán in-athnuaite i gcomhréir le hAirteagal 27(3) de Threoir (AE) 2018/2001.

7. Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ionchuir leaisteacha a fhaightear ó phróiseas ionchorpraithe a chinneadh bunaithe ar shonraí óna bpróiseas táirgthe iarbhír. Áireofar leis sin na hastaíochtaí ar fad a eascraíonn as a dtáirgeadh feadh an tslabhra soláthair ar fad (lena n-áirítear astaíochtaí a eascraíonn as eastóscadh an fhuinnimh phríomhúil is gá chun an t-ionchur a dhéanamh, chun an t-ionchur a phróiseáil agus chun an t-ionchur a iompar). Ní chuirfear san áireamh astaíochtaí dócháin a bhaineann le cion carbóin na n-ionchur breosla ([3]).

Mar sin féin, déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na hionchuir leaisteacha nach bhfaightear ó phróiseas ionchorpraithe a chinneadh bunaithe ar na luachanna atá i gCuid B den Iarscríbhinn seo. Mura n-áirítear an t-ionchur sa liosta, féadfar faisnéis faoin déine astaíochtaí a fháil ón leagan is déanaí de thuarascáil JEC-WTW, ón mbunachar sonraí ECOINVENT, ó fhoinsí oifigiúla amhail IPCC, IEA nó an rialtas, ó fhoinsí athbhreithnithe eile amhail bunachar sonraí E3 agus GEMIS agus ó fhoilseacháin a bhfuil athbhreithniú piaraí déanta orthu.

8. Déanfaidh soláthróir gach ionchuir, cé is moite de chásanna ina dtógtar na luachanna ó chuid B den Iarscríbhinn seo, déine astaíochtaí ([4]) an ionchuir a ríomh agus é ag leanúint na nósanna imeachta sa doiciméad seo, agus tuairisceoidh sé an luach don chéad chéim táirgthe eile nó don táirgeoir breosla deiridh. Tá feidhm ag an riail chéanna maidir le soláthraithe ionchur níos sia siar sa slabhra soláthair.

9. Áireofar in astaíochtaí ó ionchuir dhochta na hastaíochtaí a eascraíonn as atreorú na n-ionchur sin ó úsáid a bhí ann roimhe sin nó ó úsáid mhalartach. Sna hastaíochtaí sin cuirfear san áireamh caillteanas táirgthe leictreachais, teasa nó táirgí a rinneadh a ghiniúint roimhe sin tríd an ionchur a úsáid chomh maith le haon astaíochtaí de dheasca chóireáil bhreise an ionchuir agus an iompair. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) cinnfear astaíochtaí a shannfar do sholáthar na n-ionchur docht trí tháirgeadh caillte leictreachais, teasa nó táirgí eile a iolrú faoin bhfachtóir astaíochta ábhartha. I gcás táirgeadh caillte leictreachais, is iad na fachtóirí astaíochta atá le breithniú na fachtóirí maidir le táirgeadh leictreachais eangaí sa tír inar tharla an díláithriú a chinntear de réir na modheolaíochta iomchuí a leagtar amach faoi phointí 5 nó 6. I gcás ábhar atreoraithe, déantar na hastaíochtaí atá le sannadh don ábhar athsholáthair a ríomh mar a dhéantar i gcás ionchuir ábhartha sa mhodheolaíocht seo. Ar feadh an chéad 20 bliain tar éis tús a chur le táirgeadh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte, cinnfear táirgeadh caillte leictreachais, teasa agus ábhair bunaithe ar mheánmhéid an leictreachais agus an teasa a tháirgtear ón ionchur docht le linn na 3 bliana sula gcuirtear tús le táirgeadh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte. Tar éis 20 bliain de tháirgeadh, cinnfear táirgeadh caillte leictreachais, teasa nó táirgí eile bunaithe ar na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a bhfuil glacadh leo i gconclúidí ábhartha na teicneolaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil (BAT). I gcás nach bhfuil an próiseas cumhdaithe le BAT, beidh an meastachán ar tháirgeadh caillte bunaithe ar phróiseas inchomparáide ina gcuirtear teicneolaíocht úrscothach i bhfeidhm;

([3]) Má thógtar an déine carbóin ón tábla i gcuid B, ní chuirfear astaíochtaí dócháin san áireamh. Tá sé sin amhlaidh toisc go ndéantar astaíochtaí dócháin a áireamh i bpróiseáil nó in astaíochtaí dócháin an bhreosla deiridh.

([4]) I gcomhréir le roinn 6, ní áireofar sa déine astaíochtaí na hastaíochtaí atá leabaithe i gcion carbóin an ionchuir arna sholáthar.

(b) i gcás ionchuir dhochta ar sruthanna idirmheánacha iad i bpróisis thionsclaíocha, amhail gás oighinn cóic, gás foirnéise soinneáin i láithreán oibreacha cruach nó gás scaglainne i scaglann ola, mura féidir éifeacht a n-atreorúcháin le haghaidh táirgeadh breosla a thomhas go díreach, cinnfear na hastaíochtaí de dheasca atreorú ionchur bunaithe ar ionsamhlúcháin oibriúchán an ghléasra sula modhnófar é agus tar éis dó a bheith modhnaithe le breoslaí carbóin athchúrsáilte a tháirgeadh. Más rud é go raibh an modhnú ar an ngléasra ina chúis le laghdú aschuir roinnt táirgí, áireofar sna hastaíochtaí a shanntar don ionchur docht na hastaíochtaí a bhaineann leis na táirgí caillte a ionadú;

(c) i gcás ina n-úsáidtear sa phróiseas ionchuir dhochta ó shuiteálacha nua amhail láithreán oibreacha cruach a úsáideann a ghás foirnéise soinneáin chun breoslaí carbóin athchúrsáilte a dhéanamh, cuirfear san áireamh an tionchar a bhaineann leis an ionchur a atreorú ón úsáid mhalartach is eacnamaíche. Ansin, ríomhtar na himpleachtaí astaíochta de réir na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh a bhfuil glacadh leo i gconclúidí ábhartha BAT. I gcás próisis thionsclaíocha nach bhfuil cumhdaithe le BAT, ríomhfar an laghdú ar na hastaíochtaí ar bhonn an phróisis inchomparáide ina gcuirtear an teicneolaíocht úrscothach i bhfeidhm.

10. Áirítear sna hastaíochtaí ón úsáid atá ann faoi láthair nó ón gcinniúint na hastaíochtaí ar fad ó úsáid an ionchuir faoi láthair nó ó chinniúint an ionchuir a sheachnaítear nuair a úsáidtear an t-ionchur chun breosla a tháirgeadh. Áireofar sna hastaíochtaí sin astaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$ an charbóin atá ionchorpraithe i gcomhdhéanamh ceimiceach an bhreosla a astaíodh nó a d'astófaí san atmaisféar mar $CO_2$ murach sin. Áirítear leis sin $CO_2$ a gabhadh agus a ionchorpraíodh sa bhreosla ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gabhadh an $CO_2$ ó ghníomhaíocht a liostaítear faoi Iarscríbhinn I de Threoir 2003/87/CE agus cuireadh san áireamh é go réamhtheachtach i gcóras éifeachtach praghsála carbóin agus tá sé ionchorpraithe i gcomhdhéanamh ceimiceach an bhreosla roimh 2036. Cuirfear síneadh go dtí 2041 leis an dáta sin i gcásanna eile nach cásanna iad ina n-eascraíonn an $CO_2$ as dóchán breoslaí chun leictreachas a ghiniúint; nó

(b) gabhadh an $CO_2$ ón aer; nó

(c) eascraíonn an $CO_2$ gafa as táirgeadh nó dóchán bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise a chomhlíonann na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa agus ní bhfuair an ghabháil $CO_2$ creidmheasanna i leith laghduithe ar astaíochtaí ó ghabháil agus athsholáthar $CO_2$, a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001; nó

(d) eascraíonn an $CO_2$ gafa as dóchán breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte a chomhlíonann na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa, a leagtar amach in Airteagal 25(2) agus Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001 agus den Rialachán seo; nó

(e) eascraíonn an $CO_2$ gafa as foinse gheolaíoch $CO_2$ agus $CO_2$ a scaoileadh go nádúrtha roimhe sin.

Ní áireofar $CO_2$ gafa a eascraíonn as breosla a dhóitear d'aon ghnó chun na críche sonraí an $CO_2$ a tháirgeadh ná $CO_2$ a bhfuair a ghabháil creidmheas astaíochtaí faoi fhorálacha eile den dlí.

Áireofar na hastaíochtaí a bhaineann leis na hionchuir amhail leictreachas agus teas agus ábhair in-ídithe a úsáidtear sa phróiseas gabhála $CO_2$ i ríomh na n-astaíochtaí a shanntar d'ionchuir.

11. Beidh na dátaí a leagtar síos i bpointe 10(a) faoi réir athbhreithniú i bhfianaise chur chun feidhme na sprice aeráide uile-Aontais do 2040 sna hearnálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE, sprioc a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2021/1119.

12. Áirítear ar astaíochtaí ón bpróiseáil astaíochtaí díreacha atmaisféaracha ón bpróiseáil féin, ó chóireáil dramhaíola agus ó sceitheadh.

13. Le hastaíochtaí ó dhóchán an bhreosla táthar ag tagairt d'iomlán astaíochtaí dócháin an bhreosla atá in úsáid.

14. Beidh na gáis ceaptha teasa a chuirtear san áireamh i ríomhanna astaíochtaí, agus a gcoibhéis dé-ocsaíde carbóin, mar an gcéanna leis an méid a shonraítear i mír 4 d'Iarscríbhinn V, cuid C, a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

15. I gcás ina n-eascraíonn iliomad comhtháirgí amhail breoslaí agus ceimiceáin as próiseas, chomh maith le comhtháirgí fuinnimh amhail teas, leictreachas nó fuinneamh meicniúil a onnmhairítear ón ngléasra, leithdháilfear astaíochtaí gás ceaptha teasa ar na comhtháirgí sin a chuireann na saghasanna cur chuige seo a leanas i bhfeidhm ar an mbealach seo a leanas;

(a) déanfar an leithdháileadh ag deireadh an phróisis lena dtáirgtear na comhtháirgí. Áireofar sna hastaíochtaí a leithdháilfear na hastaíochtaí ón bpróiseas féin, chomh maith leis na hastaíochtaí atá sannta d'ionchuir sa phróiseas.

(b) is éard a bheidh sna hastaíochtaí atá le leithdháileadh *e i* móide aon chodáin de *e p*, *e td* agus *e ccs* a tharlaíonn go dtí céim an phróisis agus le linn chéim an phróisis ag a dtáirgtear na comhtháirgí. Más comhtháirge de phróiseas eile é ionchur sa phróiseas féin, déanfar an leithdháileadh ag an bpróiseas eile ar dtús chun na hastaíochtaí a bhunú, ar astaíochtaí iad atá le sannadh don ionchur;

(c) i gcás nach láimhseálann aon suiteáil laistigh de theorainn an tionscadail ach ceann amháin de chomhtháirgí an tionscadail, sannfar na hastaíochtaí ón suiteáil sin go hiomlán don chomhtháirge sin;

(d) i gcás ina gceadaíonn an próiseas cóimheas na gcomhtháirgí a tháirgtear a athrú, déanfar an leithdháileadh bunaithe ar chúisíocht fhisiceach tríd an éifeacht ar astaíochtaí an phróisis a chinneadh atá aige nuair nach ndéantar ach aschur aon chomhtháirge amháin a incrimintiú agus na haschuir eile a gcoinneáil mar an gcéanna;

(e) i gcás ina bhfuil cóimheas na dtáirgí socraithe agus gur breoslaí, leictreachas nó teas iad na comhtháirgí ar fad, is de réir an luacha fuinnimh a dhéanfar an leithdháileadh. Má bhaineann an leithdháileadh le teas easpórtáilte ar bhonn an luacha fuinnimh, ní fhéadfar ach an chuid úsáideach den teas a chur san áireamh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V, cuid C, i bpointe 16 a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001;

(f) i gcás ina bhfuil cóimheas na dtáirgí socraithe agus gur ábhair gan luach fuinnimh iad roinnt comhtháirgí, is de réir luach eacnamaíoch na gcomhtháirgí a dhéanfar an leithdháileadh. Is é an luach eacnamaíoch a chuirfear san áireamh an meánluach díreach ón monarcha a bhaineann leis na táirgí le 3 bliana anuas. Mura bhfuil na sonraí sin ar fáil, déanfar an luach a mheas ó phraghsanna tráchtearraí lúide costas an iompair agus na stórála ([5]).

16. Áireofar ar astaíochtaí ón iompar agus ón dáileadh astaíochtaí ó stóráil agus dáileadh na mbreoslaí críochnaithe. Áireofar ar na hastaíochtaí a shanntar d'ionchuir *e i* na hastaíochtaí ón iompar agus ón stóráil a bhaineann leo.

17. I gcás ina dtáirgtear astaíochtaí carbóin i bpróiseas chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch nó breoslaí carbóin athchúrsáilte a dhéanamh, ar astaíochtaí carbóin iad a stóráiltear go buan i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin, féadfar creidiúnú a dhéanamh air sin i leith tháirgí an phróisis mar laghdú ar astaíochtaí faoi $e_{ccs}$. Ní mór astaíochtaí a eascraíonn as an oibríocht stórála (lena n-áirítear iompar na dé-ocsaíde carbóin) a chur san áireamh faoi $e_p$ freisin.

B. "LUACHANNA CAIGHDEÁNACHA" LE hAGHAIDH DÉINE ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA NA nIONCHUR LEAISTEACH

Taispeántar déine gáis ceaptha teasa na n-ionchur cé is moite de leictreachas sa tábla thíos:

| | Iomlán na n-astaíochtaí $gCO_2eq/MJ$ | Astaíochtaí réamhtheachtacha $gCO_2eq/MJ$ | Astaíochtaí dócháin $gCO_2eq/MJ$ |
|---|---|---|---|
| Gás nádúrtha | 66,0 | 9,7 | 56,2 |
| Díosal | 95,1 | 21,9 | 73,2 |
| Gásailín | 93,3 | 19,9 | 73,4 |
| Ola bhreosla throm | 94,2 | 13,6 | 80,6 |
| Meatánól | 97,1 | 28,2 | 68,9 |
| Gual crua | 112,3 | 16,2 | 96,1 |
| Lignít | 116,7 | 1,7 | 115,0 |

([5]) Tabhair faoi deara gurb iad luachanna coibhneasta na gcomhtháirgí atá tábhachtach, mar sin ní bhaineann boilsciú ginearálta le hábhar.

| | $gCO_{2eq}/kg$ |
|---|---|
| Amóinia | 2 351,3 |
| Clóiríd chailciam ($CaCl_2$) | 38,8 |
| Cioglaiheacsán | 723,0 |
| Aigéad hidreaclórach (HCl) | 1 061,1 |
| Bealaí | 947,0 |
| Sulfáit mhaignéisiam ($MgSO_4$) | 191,8 |
| Nítrigin | 56,4 |
| Aigéad fosfarach ($H_3PO_4$) | 3 124,7 |
| Hiodrocsaíd photaisiam (KOH) | 419,1 |
| CaO íon le haghaidh próiseas | 1 193,2 |
| Carbónáit sóidiam ($Na_2CO_3$) | 1 245,1 |
| Clóiríd sóidiam (NaCl) | 13,3 |
| Hiodrocsaíd sóidiam (NaOH) | 529,7 |
| Meatocsaíd sóidiam ($Na_3CO$) | 2 425,5 |
| $SO_2$ | 53,3 |
| Aigéad sulfarach ($H_2SO_4$) | 217,5 |
| Úiré | 1 846,6 |

C. DÉINE ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA AN LEICTREACHAIS

Cinnfear déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais ar leibhéal na dtíortha nó ar leibhéal na gcriosanna tairisceana. Féadfar déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais a chinneadh ar leibhéal na gcriosanna tairisceana, agus ar an leibhéal sin amháin, má chuirtear na sonraí is gá ar fáil go poiblí. Agus déine carbóin an leictreachais á ríomh, arna sloinneadh mar leictreachas $gCO_{2\ eq}$/kWh, cuirfear san áireamh gach foinse fuinnimh phríomhúil fhéideartha le haghaidh giniúint leictreachais, an cineál gléasra, an éifeachtúlacht tiontaithe agus ídiú leictreachais dílis sa ghléasra cumhachta.

Cuirfear san áireamh sa ríomh na hastaíochtaí coibhéiseacha carbóin, ar astaíochtaí iad a bhaineann le dóchán agus soláthar na mbreoslaí a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh. Braitheann sé sin ar mhéid na mbreoslaí éagsúla a úsáidtear sna saoráidí táirgthe leictreachais agus ar na fachtóirí astaíochta ó dhóchán breosla agus ó fhachtóirí astaíochta breosla réamhtheachtacha.

Déanfar gáis ceaptha teasa seachas $CO_2$ a thiontú go $CO_{2eq}$ trína nAcmhainneacht Téite Domhanda (GWP) a iolrú i gcoibhneas le $CO_2$ thar thréimhse ama 100 bliain mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V, cuid C, pointe 4 a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. Mar gheall ar a dtionscnamh bithghineach, ní thugtar cuntas ar astaíochtaí $CO_2$ ó dhóchán breoslaí bithmhaise, ach tabharfar cuntas ar astaíochtaí $CH_4$ agus $N_2O$.

Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó dhóchán breoslaí a ríomh, úsáidfear fachtóirí astaíochta réamhshocraithe IPCC le haghaidh dóchán seasta sna tionscail fuinnimh (IPCC 2006). Áireofar sna hastaíochtaí réamhtheachtacha astaíochtaí ó na próisis agus na céimeanna ar fad is gá chun an breosla a dhéanamh réidh chun táirgeadh na cumhachta a sholáthar; eascraíonn siad as eastóscadh, scagadh agus iompar an bhreosla a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh.

Ina theannta sin, cuirfear san áireamh na hastaíochtaí réamhtheachtacha ar fad ó shaothrú, ó bhuaint, ó bhailiú, ó phróiseáil agus ó iompar bithmhaise. Láimhseálfar móin agus comhpháirteanna dramhábhar ar de thionscnamh iontaise iad mar bhreosla iontaise.

Cinntear na breoslaí a úsáidtear le haghaidh olltáirgeadh leictreachais i ngléasraí leictreachais amháin bunaithe ar an táirgeadh leictreachais agus ar éifeachtúlacht an tiontaithe go leictreachas. I gcás Cumhacht is Teas in Éineacht, áireofar na breoslaí a úsáidtear le haghaidh teas a tháirgtear i gCumhacht is Teas in Éineacht trí tháirgeadh teasa malartach ag a bhfuil meánéifeachtúlachtaí foriomlána 85 % a chur san áireamh, agus déanfar an chuid eile a shannadh don ghiniúint leictreachais.

I gcás gléasraí cumhachta núicléiche, glacfar leis gurb éard a bheidh san éifeachtúlacht tiontaithe ó theas núicléach 33 % nó sonraí a sholáthraíonn Eurostat nó foinse chreidiúnaithe chomhchosúil.

Ní bhaineann aon bhreosla le táirgeadh leictreachais ó in-athnuaiteáin lena n-áirítear hidreafhuinneamh, grianfhuinneamh, fuinneamh gaoithe agus fuinneamh geoiteirmeach. Ní chuirtear san áireamh na hastaíochtaí ó thógáil agus díchoimisiúnú saoráidí táirgthe leictreachais ná ó bhainistíocht dramhaíola saoráidí táirgthe leictreachais. Dá bhrí sin, meastar na hastaíochtaí coibhéiseacha carbóin a bhaineann le táirgeadh leictreachais in-athnuaite (fuinneamh gaoithe, grianfhuinneamh, hidreafhuinneamh agus fuinneamh geoiteirmeach) a bheith cothrom le nialas.

Áireofar ar na hastaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$ ón olltáirgeadh leictreachais astaíochtaí réamhtheachtacha ó JEC WTW v5 (Prussi *et al*., 2020) a liostaítear i dTábla 3 agus na fachtóirí astaíochta réamhshocraithe le haghaidh dóchán seasta ó Threoirlínte IPCC d’Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa (IPCC 2006) a liostaítear i dTáblaí 1 agus 2. Ríomhfar na hastaíochtaí réamhtheachtacha chun an breosla a úsáidtear a sholáthar trí fhachtóirí astaíochta réamhtheachtacha JEC WTW v5 a chur i bhfeidhm (Prussi et al., 2020).

Ríomhfar déine carbóin an leictreachais de réir na foirmle seo a leanas:

$$e_{gross_prod} = \sum_{i=1}^{k} (c_{i-ups} + c_{i-comb}) \times B_i$$

i gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

| | |
|---|---|
| $e_{gross_prod}$ = | astaíochtaí coibhéiseacha $CO^2$ $[gCO_{2eq}]$ |
| $c_{i-ups}$ = | fachtóirí astaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$ réamhtheachtacha $\left[\frac{gCO_{2eq}}{MJ}\right]$ |
| $c_{i-comb}$ = | fachtóirí astaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$ ó dhóchán breoslaí $\left[\frac{gCO_{2eq}}{MJ}\right]$ |
| $B_i$ = | ídiú breosla le haghaidh gineadh leictreachais $[MJ]$ |
| $i = 1 \ldots k$ = | breoslaí a úsáidtear le haghaidh táirgeadh leictreachais |

Déantar méid an ghlantáirgthe leictreachais a chinneadh de réir an olltáirgthe leictreachais, an ídithe leictreachais dhílis sa ghléasra cumhachta agus na gcaillteanas leictreachais i dtaisce pumpála.

$$E_{net} = E_{gross} - E_{own} - E_{pump}$$

i gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

| | |
|---|---|
| $E_{net}$ = | glantáirgeadh leictreachais $[MJ]$ |
| $E_{gross}$ = | olltáirgeadh leictreachais $[MJ]$ |
| $E_{own}$ = | ídiú leictreachais inmheánach dílis i ngléasra cumhachta $[MJ]$ |
| $E_{pump}$ = | leictreachas le haghaidh pumpála $[MJ]$ |

Is éard a bheidh i ndéine carbóin an ghlanleictreachais a tháirgtear foriomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa chun an glanleictreachas a tháirgeadh nó a úsáid:

$$CI = \frac{e_{gross_prod}}{E_{net}}$$

i gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist: $CI$ = astaíochtaí coibhéiseacha $CO_2$ ó ghiniúint leictreachais $\left[\frac{gCO_{2eq}}{MJ}\right]$

**Sonraí faoi ghiniúint leictreachais agus ídiú breosla**

Déanfar sonraí maidir le táirgeadh leictreachais agus ídiú breosla a fhoinsiú ó shonraí agus staidreamh IEA a sholáthraíonn sonraí maidir le comharduithe fuinnimh agus leictreachas a tháirgtear trí chineálacha éagsúla breoslaí a úsáid, e.g. ó shuíomh gréasáin IEA, an rannán Sonraí agus Staidrimh (‘E*nergy Statistics Data Browser*’) ([6]).

([6]) Mar shampla: https://www.iea.org/data-and-statistics/data-tools/energy-statistics-data-browser?country=GERMANY&energy=Coal&year=202

I gcás Bhallstáit an Aontais, tá sonraí Eurostat níos mionsonraithe agus is féidir iad a úsáid in ionad na sonraí ó shuíomh gréasáin IEA. I gcás ina mbunaítear déine astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leibhéal na gcriosanna tairisceana, úsáidfear sonraí ó staidreamh náisiúnta oifigiúil atá ar aon leibhéal mionsonraithe leis na sonraí ó IEA. Áireofar sna sonraí faoi ídiú breosla na sonraí atá ar fáil ar an leibhéal sonraí is airde atá ar fáil ó staidreamh náisiúnta: breoslaí iontaise soladacha, gáis mhonaraithe, móin agus táirgí móna, scealla ola agus gainimh ola, táirgí ola agus peitriliam, gás nádúrtha, in-athnuaiteáin agus bithbhreoslaí, dramhaíl neamh-inathnuaite agus fuinneamh núicléach. Ar na hin-athnuaiteáin agus na bithbhreoslaí áirítear bithbhreoslaí, dramhaíl chathrach in-athnuaite, hidreafhuinneamh, fuinneamh in-athnuaite muirí, fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh gaoithe, grianfhuinneamh agus teaschaidéail.

**Sonraí ionchuir ó fhoinsí litríochta**

*Tábla 1*

**Fachtóirí astaíochta réamhshocraithe le haghaidh dóchán seasta [g/MJ fuel ar ghlanluach calrach].**

| Breosla | $CO_2$ | $CH_4$ | $N_2O$ |
|---|---|---|---|
| ***Breoslaí iontaise soladacha*** | | | |
| Antraicít | 98,3 | 0,001 | 0,0015 |
| Gual cóic | 94,6 | 0,001 | 0,0015 |
| Gual biotúmanach eile | 94,6 | 0,001 | 0,0015 |
| Gual fo-bhiotúmanach | 96,1 | 0,001 | 0,0015 |
| Lignít | 101 | 0,001 | 0,0015 |
| Breosla paitinne | 97,5 | 0,001 | 0,0015 |
| Cóc oighinn cóic | 107 | 0,001 | 0,0015 |
| Cóc gáis | 107 | 0,001 | 0,0001 |
| Tarra Guail | 80,7 | 0,001 | 0,0015 |
| Bricíní guail dhoinn | 97,5 | 0,001 | 0,0015 |
| ***Gáis mhonaraithe*** | | | |
| Gás Oibreacha Gáis | 44,4 | 0,001 | 0,0001 |
| Gás oighinn cóic | 44,4 | 0,001 | 0,0001 |
| Gás foirnéise soinneáin | 260 | 0,001 | 0,0001 |
| Gáis ghnóthaithe eile | 182 | 0,001 | 0,0001 |
| **Móin agus táirgí móna** | 106 | 0,001 | 0,0015 |
| **Scealla ola agus gainimh ola** | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| ***Ola agus táirgí peitriliam*** | | | |
| Amhola | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Leachtanna gáis nádúrtha | 64,2 | 0,003 | 0,0006 |
| Bunábhair scaglainne | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Breiseáin agus ocsaigionáití | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Hidreacarbóin eile | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Gás scaglainne | 57,6 | 0,001 | 0,0001 |
| Eatán | 61,6 | 0,001 | 0,0001 |
| Gáis peitriliam leachtaithe | 63,1 | 0,001 | 0,0001 |
| Gásailín mótair | 69,3 | 0,003 | 0,0006 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gásailín eitlíochta | 70 | 0,003 | 0,0006 |
| Scaird-bhreosla de chineál gásailín | 70 | 0,003 | 0,0006 |
| Scaird-bhreosla de chineál ceirisín | 71,5 | 0,003 | 0,0006 |
| Ceirisín eile | 71,5 | 0,003 | 0,0006 |
| Nafta | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Ola gháis agus ola dhíosail | 74,1 | 0,003 | 0,0006 |
| Ola bhreosla | 77,4 | 0,003 | 0,0006 |
| Biotáille bhán agus FPS | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Bealaí | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Biotúman | 80,7 | 0,003 | 0,0006 |
| Cóc peitriliam | 97,5 | 0,003 | 0,0006 |
| Céireacha pairifín | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Táirgí ola eile | 73,3 | 0,003 | 0,0006 |
| Gás nádúrtha | 56,1 | 0,001 | 0,0001 |
| ***Dramhaíl*** | | | |
| Dramhaíl thionsclaíoch (neamh-inathnuaite) | 143 | 0,03 | 0,004 |
| Dramhaíl chathrach neamh-inathnuaite | 91,7 | 0,03 | 0,004 |

Foinse: IPCC, 2006
Tabhair faoi deara: ní mór luachanna a iolrú faoi fhachtóirí GWP a leagtar amach in Iarscríbhinn V, cuid C, pointe 4 a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

*Tábla 2*

**Fachtóirí astaíochtaí réamhshocraithe le haghaidh dóchán seasta breoslaí de thionscnamh bithmhaise [g/MJ fuel ar ghlanluach calrach]**

| Breosla | $CO_2$ | $CH_4$ | $N_2O$ |
|---|---|---|---|
| Bithbhreoslaí soladacha príomhúla | 0 | 0,03 | 0,004 |
| Fioghual | 0 | 0,2 | 0,004 |
| Bithgháis | 0 | 0,001 | 0,0001 |
| Dramhaíl chathrach in-athnuaite | 0 | 0,03 | 0,004 |
| Bithghásailín íon | 0 | 0,003 | 0,0006 |
| Bithghásailín cumaiscthe | 0 | 0,003 | 0,0006 |
| Bithdhíosail íona | 0 | 0,003 | 0,0006 |
| Bithdhíosail chumaiscthe | 0 | 0,003 | 0,0006 |
| Bithcheirisín scairdeitleáin íon | 0 | 0,003 | 0,0006 |
| Bithcheirisín scairdeitleáin cumaiscthe | 0 | 0,003 | 0,0006 |
| Bithbhreoslaí leachtacha eile | 0 | 0,003 | 0,0006 |

*Foinse*: IPCC, 2006

*Tábla 3*

**Fachtóirí astaíochta réamhtheachtacha breosla [$gCO_{2eq}$/MJ fuel ar ghlanluach calrach]**

| Breosla | Fachtóirí astaíochta |
|---|---|
| Gual crua | 15,9 |
| Gual donn | 1,7 |
| Móin | 0 |
| Gáis ghuail | 0 |
| Táirgí peitriliam | 11,6 |
| Gás nádúrtha | 12,7 |
| Bithbhreoslaí soladacha | 0,7 |
| Bithbhreoslaí leachtacha | 46,8 |
| Dramhaíl thionsclaíoch | 0 |
| Dramhaíl chathrach | 0 |
| Bithgháis | 13,7 |
| Fuinneamh núicléach | 1,2 |

*Foinse*: JEC WTW v5

Áirítear i dTábla A na luachanna do dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais ar leibhéal na tíre san Aontas Eorpach. Má chinntear déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais ar leibhéal na tíre, úsáidfear na luachanna sin le haghaidh leictreachas a fhoinsítear san Aontas Eorpach go dtí go mbeidh sonraí is déanaí ar fáil chun déine astaíochtaí an leictreachais a chinneadh ([7]).

*Tábla A*

**Déine astaíochtaí leictreachais san Aontas Eorpach 2020**

| Tír | Déine astaíochtaí an leictreachais arna ghiniúint ($gCO_2eq$/MJ) |
|---|---|
| an Ostair | 39,7 |
| an Bheilg | 56,7 |
| an Bhulgáir | 119,2 |
| an Chipir | 206,6 |
| an tSeicia | 132,5 |
| an Ghearmáin | 99,3 |
| an Danmhairg | 27,1 |
| an Eastóin | 139,8 |
| an Ghréig | 125,2 |
| an Spáinn | 54,1 |
| an Fhionlainn | 22,9 |
| an Fhrainc | 19,6 |
| an Chróit | 55,4 |

([7]) Cuirfidh an Coimisiún Eorpach sonraí atá tugtha cothrom le dáta ar fáil ar bhonn rialta.

| | |
|---|---|
| an Ungáir | 72,9 |
| Éire | 89,4 |
| an Iodáil | 92,3 |
| an Laitvia | 39,4 |
| an Liotuáin | 57,7 |
| Lucsamburg | 52,0 |
| Málta | 133,9 |
| an Ísiltír | 99,9 |
| an Pholainn | 196,5 |
| an Phortaingéil | 61,6 |
| an Rómáin | 86,1 |
| an tSlóvaic | 45,6 |
| an tSlóivéin | 70,1 |
| an tSualainn | 4,1 |

*Foinse*: JRC, 2022

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1186 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Meitheamh 2023

## lena gcláraítear ainm i gclár um shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [‘Kullings kalvdans’ (TGFC)]

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an tSualainn ar chlárú an ainm ‘Kullings kalvdans’ a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide réasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm ‘Kullings kalvdans’ a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an t-ainm ‘Kullings kalvdans’ (TGFC) cláraithe leis seo.

Leis an ainm a shonraítear sa chéad mhír, sainítear táirge de chuid Aicme 1.4. Táirgí eile de bhunadh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí déiríochta éagsúla seachas im, etc.) d’Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

---

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 55, 14.2.2023, lch. 14.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/1187 ÓN gCOMHAIRLE

**an 19 Meitheamh 2023**

**maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003 ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('an Straitéis'), ina luaitear gur féidir le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm rannchuidiú ar bhealach riachtanach le comhrac domhanda na sceimhlitheoireachta trí laghdú a dhéanamh ar an riosca go bhfaigheadh gníomhaithe neamhstáit rochtain ar airm ollscriosta, ar ábhair radaighníomhacha agus ar mhodhanna seachadta. I gCaibidil III den Straitéis, tá liosta beart is gá a dhéanamh laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha araon chun leathadh den sórt sin a chomhrac.

(2) Tá an Straitéis á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas agus tá éifeacht á tabhairt aige do na bearta a liostaítear i gCaibidil III di, go háirithe trí oibriú i dtreo uiliú agus, i gcás inar gá, neart na bpríomhchonarthaí, na bpríomhchomhaontuithe agus na bpríomhshocruithe fíorúcháin maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, agus trí acmhainní airgeadais a scaoileadh chun tacú le tionscadail shonracha arna ndéanamh ag institiúidí iltaobhacha, mar shampla, Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) agus Oifig Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (UNOCT).

(3) An 13 Aibreán 2005, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur, a osclaíodh lena shíniú an 14 Meán Fómhair 2005.

(4) Ina Chlár Oibre um Dhí-armáil dar teideal *Securing our Common Future* [Ár dTodhchaí Choiteann a Shlánú], a seoladh an 24 Bealtaine 2018, thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dá aire nach raibh na rioscaí núicléacha inghlactha agus go raibh siad ag dul i méid.

(5) An 10 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1939 [1].

(6) An 7 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/919 [2] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 agus lena gcuirtear síneadh lena chur chun feidhme go dtí an 30 Samhain 2022 i bhfianaise na ndúshlán leanúnach a eascraíonn as paindéim COVID-19.

(7) An 8 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2185 [3] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 agus lena gcuirtear síneadh breise lena chur chun feidhme go dtí an 30 Meitheamh 2023 i bhfianaise na moille leanúnaí ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2018/1939 mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2018/1939 ón gComhairle an 10 Nollaig 2018 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 314, 11.12.2018, lch. 41).

[2] Cinneadh (CBES) 2021/919 ón gComhairle an 7 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 201, 8.6.2021, lch. 27).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/2185 ón gComhairle an 8 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 288, 9.11.2022, lch. 80).

(8) Tagraíonn Compás Straitéiseach 2022 don tSlándáil agus don Chosaint do shíorbhagairt an leathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta, agus cuirtear in iúl ann cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla an Aontais a threisiú mar thaca le spriocanna dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm. Luaitear ann freisin bagairt thrasnáisiúnta na sceimhlitheoireachta mar dhúshlán leanúnach agus toil an Aontais chun a fhreagairt a neartú chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos fearr.

(9) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh seo a chur de chúram ar UNODC agus ar Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (UNCCT) de chuid UNOCT.

(10) Ba cheart an Cinneadh seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCreat–Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin arna thabhairt i gcrích ag an gCoimisiún Eorpach leis na Náisiúin Aontaithe a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas le cláir nó tionscadail arna riar ag na Náisiúin Aontaithe a bhainistiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála agus an Compás Straitéiseach maidir le Slándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas a thuilleadh le huiliú agus le cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur ('ICSANT') trí ghníomhaíocht oibríochtúil.

2. Is é a bheidh i gcuspóirí an ghnímh dá dtagraítear i mír 1:

(a) líon na Stát a thionscnaíonn próisis le bheith ina bPáirtithe in ICSANT a mhéadú agus feasacht agus eolas ar ICSANT a mhúscailt i measc tairbhithe mar shampla lucht ceaptha beartas náisiúnta agus cinnteoirí náisiúnta agus i bhfóraim idirnáisiúnta;

(b) feabhas a chur ar reachtaíocht náisiúnta agus ar chumas oifigeach ceartais choiriúil agus geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile i dtíortha tairbhíocha cásanna ina bhfuil ICSANT ábhartha a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú;

(c) beartais, cleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú chun bagairt gníomhaithe neamhstáit a chosc, a bhrath agus freagairt orthu, lena n-áirítear ábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile a bheith á bhfáil, á sealbhú agus/nó á n-úsáid ag sceimhlitheoirí;

(d) feabhas a chur ar an eolas agus ar an tuiscint ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus na sceimhlitheoireachta núicléiche agus ar iompar coiriúil eile a bhaineann leis na hábhair sin;

(e) feabhas a chur ar an gcomhar náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear malartú faisnéise, laistigh de Stáit is Páirtithe agus eatarthu féin agus bearta éifeachtacha praiticiúla á gceapadh agus á nglacadh acu chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach.

3. Leagtar amach san Iarscríbhinn tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomh dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é UNODC agus UNOCT a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an ghnímh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i gcrích.

3. Déanfaidh UNODC agus UNOCT an cúram sin faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNCOD agus le UNOCT.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 4 000 000,82 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an ghnímh arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Bainisteofar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoineofar leis an méid tagartha dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontuithe ranníocaíochta i gcrích le UNODA agus le UNOCT. Sonrófar sna comhaontuithe ranníocaíochta go n-áiritheoidh UNODC agus UNOCT infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, agus sin iomchuí dá méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a tugadh na comhaontuithe i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag UNODC agus UNOCT. Is ar bhonn na dtuarascálacha tráthrialta sin a dhéanfaidh an Chomhairle an mheastóireacht.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme an ghnímh dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis dháta thabhairt i gcrích na gcomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura mbeidh an comhaontú sin tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

E. BUSCH

*IARSCRÍBHINN*

**Tacaíocht ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur**

**Achoimre feidhmiúcháin**

**Cúlra**

Tá Coinbhinsiún Idirnáisiúnta 2005 maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (ICSANT) ar cheann den 19 n-ionstraim dlí idirnáisiúnta i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus tá sé bunriachtanach don tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta. Ó mhí an Mhárta 2023, tá 120 Páirtí in ICSANT, rud a chiallaíonn go bhfuil níos mó ná aon trian den domhan nach bhfuil faoi chosaint an Choinbhinsiúin go fóill. Ionas gur féidir acmhainneacht iomlán ICSANT a bhaint amach, agus chun nach mbeidh tearmainn agus bealaí éalaithe dlíthiúla ann, tá an t-uiliú ina phríomhsprioc i gcónaí. Is é an chéad chéim atá riachtanach glacadh leis mar pháirtí ach os a choinne sin tá a chur chun feidhme éifeachtach (reachtach agus teicniúil) ríthábhachtach freisin.

Is éard atá i gceist le dul isteach in ICSANT an reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar na ceanglais uile a leagtar amach sa Choinbhinsiún a thrasuí go leordhóthanach i gcórais náisiúnta dlí. Leis an méid sin, soláthraítear cumhdach dlíthiúil cuimsitheach i dtaca le coireanna abhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta, mar aon le sásraí chun an t-iompar sin a chosc agus chun freagairt air.

Cuireadh tús in 2019 leis an gcéad tionscadal idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe *Promoting universalization and effective implementation of the International Convention for the Suppression of Acts of Nuclear Terrorism* [Cur chun cinn uiliú agus chur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur], agus cuirfear bailchríoch air i mí an Mheithimh 2023. Is comhpháirtíocht thábhachtach iltaobhach slándála an tionscadal sin chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt leanúnach go bhfaighidh gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad ábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile nó go mbainfidh siad úsáid as chun críoch sceimhlitheoireachta nó chun críoch coiriúil eile. Tá an méid sin ábhartha, go háirithe, tráth atá méadú tagtha ar an aird pholaitiúil ar shaincheist na slándála núicléiche ar fud an domhain.

**Réasúnaíocht an tionscadail**

Tá ICSANT fós an-ábhartha, ní hamháin do thíortha a bhfuil ábhar núicléach agus cláir cumhachta núicléiche acu, ach do gach tír eile freisin, ós rud é go gclúdaíonn ICSANT ábhar radaighníomhach eile a úsáidtear go coitianta – *inter alia* – sa leigheas, sa tionscal agus sa talmhaíocht. Dá bhrí sin, is gá leanúint d'uiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin a chur chun cinn agus de thacaíocht a thabhairt ina thaobh, trí léiriú a thabhairt ar an tairbhe do gach Stát a bhaineann le bheith rannpháirteach sa chonradh, agus iompar sceimhlitheoireachta agus iompar coiriúil eile a dhéanann gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile a chosc agus a thoirmeasc. I ndáil leis an méid sin, beidh an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe i gcomhpháirtíocht arís i dtionscadal nua dar teideal *Supporting the universalization and effective implementation of the International Convention for the Suppression of Acts of Nuclear Terrorism* [Tacú le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur].

**Sprioc an Tionscadail**

Is é is aidhm don tionscadal, trí bhíthin uiliú agus cur chun feidhme éifeachtach ICSANT, a áirithiú nach mbeidh aon tearmann ann dóibh siúd a dhéanann gníomhartha sceimhlitheoireachta nó gníomhartha coiriúla eile a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile, nó a fhéachann lena ndéanamh.

**Tréimhse an Tionscadail**

1 Iúil 2023 – 30 Meitheamh 2026 (36 mhí)

**Raon Feidhme Geografach an Tionscadail**

Domhanda, réigiúnach, náisiúnta

**Cur Chuige an Tionscadail**

Is iad an Oifig um Chosc na Sceimhlitheoireachta (TPB) de chuid Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC), trína Clár um sceimhlitheoireacht CBRN a chosc, agus Oifig na Náisiún Aontaithe um an bhFrithsceimhlitheoireacht (UNOCT), trí Chlár Lárionad Comhpháirteach Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (UNCCT) dá cuid a bhaineann le hAirm Ollscriosta/Sceimhlitheoireacht Cheimiceach, Bhitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach (WMD/CBRN) a chosc agus freagairt ar an méid sin, a chuirfidh an tionscadal seo chun feidhme, i

ndlúthchomhar le hoifigí ábhartha allamuigh mar aon le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh, an Tionscnamh maidir le hIonaid Barr Feabhais an Aontais Eorpaigh chun Riosca Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach a mhaolú (CoE AE CBRN), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA), Institiúid Taighde na Náisiún Aontaithe um Choireacht agus Ceartas (UNICRI), Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) agus Grúpa Saineolaithe Choiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun rún 1540 (2004).

Roinnfear an tionscadal ina dhá chomhpháirt, gach ceann acu le bheith curtha chun feidhme ag UNODC agus ag UNOCT/UNCCT, faoi seach, i gcomhréir lena sainorduithe agus lena saineolas. Beidh roinnt aschur agus gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme ag UNODC, dá bharr sin, agus cuirfidh UNOCT/UNCCT cinn eile chun feidhme. I gcásanna áirithe, beidh an dá eintiteas rannpháirteach ann.

Leis an tionscadal, cuirfear leis na gníomhaíochtaí a rinneadh agus leis na huirlisí a forbraíodh sa tionscadal a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2018/1939 ón gComhairle an 10 Nollaig 2018.

Déanfar an tionscadal i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe (GCTS) ina gcuirtear i bhfios go láidir nach mór do gach beart a dhéantar chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Déanfar na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le cearta an duine (mar atá sna conarthaí, i ndlí an ghnáis agus in ionstraimí eile) a chomhtháthú sa tionscadal.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm ar bhealach inscne-íogair, agus déanfar peirspictíochtaí inscne a phríomhshruthú i ngach céim den tionscadal. Sa tionscadal, cuirfear peirspictíochtaí inscne chun cinn agus déanfar gné na hinscne a chomhtháthú ina mhodheolaíocht agus, a mhéid is féidir, áiritheofar comhdheiseanna d'oifigigh baineanna agus d'oifigigh fhireanna chun bheith rannpháirteach i ngach imeacht tionscadail, agus béim á leagan ar na tairbhí a bhaineann le seirbhísigh phoiblí ar mná iad a áireamh sna hinstitiúidí náisiúnta. Déanfar an t-aiseolas go léir a bhailítear ó shuirbhéanna agus tástálacha réamh-cheardlainne agus iar-cheardlainne a imdhealú de réir inscne, lena chinntiú sa tionscadal go ndéanfar dearcadh na n-oifigeach baineann a fháil agus a thuairisciú. Déanfaidh táscairí tionscadail sonraí atá imdhealaithe de réir inscne a bhailiú agus a thuairisciú.

Déanfaidh UNODC agus UNOCT comhordú de réir mar is iomchuí maidir le cur chun feidhme a ngníomhaíochtaí faoi seach.

Aon uair a lorgaítear saineolas seachtrach chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, féachfaidh UNODC agus UNOCT le saineolaithe ó Bhallstát den Aontas Eorpach a fhostú.

Sa tionscadal, áireofar comhar leis an gcomhphobal idirnáisiúnta agus leis na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear parlaimintí, aireachtaí ceartais agus geallsealbhóirí ábhartha eile, chun uiliú ICSANT a chur chun cinn, infheictheacht a fheabhsú faoina thábhachtaí atá sé go gcloífí leis agus fothú acmhainneachta a chur cinn chun gur féidir é a chur chun feidhme go héifeachtach.

**Torthaí an Tionscadail**

**Toradh 1:** Méadú ar líon na Stát a bhreithníonn/a thionscnaíonn próisis/le bheith ina bpáirtithe in ICSANT agus méadú ar fheasacht agus eolas ar ICSANT a mhúscailt i measc tairbhithe (lucht ceaptha beartas agus cinnteoirí náisiúnta, lena n-áirítear parlaiminteoirí) agus i bhfóraim idirnáisiúnta. Baintear leas as sineirgí le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile (CPPNM, ACPPNM, rún 1540 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe) de réir mar is iomchuí.

**Toradh 2:** Feabhas a chur ar reachtaíocht náisiúnta agus ar chumas oifigeach ceartais choiriúil agus geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile i dtíortha tairbhíocha cásanna ina mbeadh ICSANT ábhartha a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú.

**Toradh 3:** Feabhas a chur ar bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta chun bagairt na ngníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad, sceimhlitheoirí san áireamh, a fhaigheann ábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile, nó a shealbhaíonn agus/nó a úsáideann an t-ábhar sin, a chosc, a bhrath agus freagairt ar an mbagairt sin agus feabhas a chur ar an eolas agus an tuiscint ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus na sceimhlitheoireachta núicléiche agus ar iompar coiriúil eile a bhaineann leis na hábhair sin.

**Toradh 4:** Feabhas a chur ar an gcomhar náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear malartú faisnéise, laistigh de na Stáit is Páirtithe agus eatarthu féin agus bearta éifeachtacha praiticiúla á gceapadh agus á nglacadh acu chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach.

**Aschuir agus gníomhaíochtaí tionscadail**

***Toradh 1: Méadú ar líon na Stát a bhreithníonn/a thionscnaíonn próisis/le bheith ina bpáirtithe in ICSANT agus méadú ar fheasacht agus eolas ar ICSANT a mhúscailt i measc tairbhithe (lucht ceaptha beartas agus cinnteoirí náisiúnta, lena n-áirítear parlaiminteoirí) agus i bhfóraim idirnáisiúnta. Baintear leas as sineirgí le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile (CPPNM, ACPPNM, rún 1540 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe) de réir mar is iomchuí.***

**Aschur 1.1: Cuirtear chun cinn a thábhachtaí atá uiliú agus cur chun feidhme éifeachtach ICSANT, trí infheict.heacht, abhcóideacht na n-imeachtaí ábhartha, agus rannchuidiú leo**

**Gníomhaíocht 1.1.1.: Seoladh an tionscadail agus cur i láthair na dtorthaí ó ghníomhaíochtaí roimhe seo (UNODC/UNOCT)**

Eagróidh UNODC agus UNOCT/UNCCT seoladh tionscadail i Vín agus i Nua-Eabhrac faoi seach, ina dtabharfar cuireadh do Bhuanmhisin áitiúla na mBallstát. Féachfaidh na feidhmeoirí le hionadaíocht ó na príomh-Bhallstáit, idir an tAontas Eorpach agus Ballstáit ó na spriocréigiún araon, chun suim sa dara tionscadal sin agus móiminteam ina leith a chothú agus chun cur chun feidhme an tionscadail a éascú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Tabharfar deis, leis na himeachtaí sin, torthaí agus ceachtanna a foghlaimíodh ón tionscadal roimhe seo a chomhroinnt.

**Gníomhaíocht 1.1.2.: Cur chun cinn an staidéir dar teideal *Reasons and Challenges of United Nations Member States for Not Becoming Party to ICSANT and Tools for its Effective Implementation* [Na cúiseanna atá ag Ballstáit de chuid na Náisiún Aontaithe gan bheith ina bpáirtí in ICSANT agus na dúshláin atá rompu agus uirlisí chun ICSANT a chur chun feidhme go héifeachtach] (UNOCT)**

Eagróidh UNOCT/UNCCT trí (3) sheisiún chun an staidéar a chur chun cinn agus a scaipeadh, *Reasons and Challenges of United Nations Member States for Not Becoming Party to ICSANT and Tools for its Effective Implementation* [Na cúiseanna atá ag Ballstáit de chuid na Náisiún Aontaithe gan bheith ina bpáirtí in ICSANT agus na dúshláin atá rompu agus uirlisí chun ICSANT a chur chun feidhme go héifeachtach], staidéar a forbraíodh le linn thionscadal ICSANT, a thabharfar chun críche i mí an Mheithimh 2023. Sa staidéar léirítear tuiscint níos doimhne ar na cúiseanna atá ag na Ballstáit gan bheith ina bpáirtí in ICSANT agus na dúshláin atá rompu agus tugtar roinnt moltaí faoin gcaoi lena áirithiú go gcloífear níos mó leis agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é. Go háirithe, déanfaidh UNOCT/UNCCT obair leantach leis na príomh-Bhallstáit a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as torthaí agus treoir an staidéir.

**Gníomhaíocht 1.1.3.: Infheictheacht, abhcóideacht na n-imeachtaí a bhaineann le ICSANT arna n-óstáil ag eagraíochtaí eile (UNODC/UNOCT), agus rannchuidiú leo**

Laistigh dá sainorduithe faoi seach, agus de réir mar is iomchuí, tabharfaidh UNODC agus UNOCT/UNCCT saineolas agus cuirfidh siad ICSANT agus a chuid oibre faoin tionscadal chun cinn i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta, mar shampla imeachtaí a bhaineann leis/arna n-eagrú ag an méid seo a leanas:

— creataí dlíthiúla idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiciúil Ábhair Núicléach agus an leasú air, rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, ach gan bheith teoranta dóibh sin;

— eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear IAEA, Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (INTERPOL), UNICRI, Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil (UNIDIR), UNODA, Oifig Gnóthaí Dlíthiúla na Náisiún Aontaithe (OLA), ach gan a bheith teoranta dóibh sin;

— an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha;

— tionscnaimh idirnáisiúnta lena n-áirítear CoE AE CBRN, an Chomhpháirtíocht Dhomhanda i gcoinne Leathadh Arm agus Ábhar Ollscriosta, an Tionscnamh um Bagairt Núicléach agus Comhshocrú Comhordúcháin Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Frithsceimhlitheoireachta.

**Aschur 1.2.: Cloí le ICSANT agus sineirgí le hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile a chur chun cinn agus a mhéadú**

**Gníomhaíocht 1.2.1.: Cloí leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn trí chuairteanna tíre (UNODC)**

Ag tógáil ar an bhfor-rochtain fhairsing ar thug UNODC fúithi i dtreo uiliú agus ar a líonra ollmhór d'oifigí allamuigh, eagróidh UNODC ocht (8) gcuairt tíre ar stáit nach bhfuil ina bpáirtithe in ICSANT go fóill agus, de réir anailís UNODC agus na rannpháirtíochta roimhe seo, a bhainfeadh níos mó tairbhe as comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh. Le linn na gcuairteanna tíre sin, de réir mar is iomchuí, rachaidh UNODC i dteagmháil le geallsealbhóirí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, parlaiminteoirí san áireamh.

**Gníomhaíocht 1.2.2.: Cloí leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le Parlaimintí náisiúnta na mBallstát nach páirtithe in ICSANT (UNOCT) iad**

Eagróidh UNOCT/UNCCT trí (3) imeacht náisiúnta chun achainí chomhpháirteach a dhíriú ar Pharlaimintí na mBallstát nach páirtithe sa Choinbhinsiún iad go fóill. Ina theannta sin, tabharfar cuireadh do gheallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear an Aireacht Gnóthaí Eachtracha, an Aireacht Dlí agus Cirt, údaráis rialála núicléacha agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, a bheith rannpháirteach sa seisiún faisnéise. Díreoidh na himeachtaí náisiúnta ar a ábhartha atá ICSANT chun feabhas a chur ar an tslándáil núicléach, ar chomhlántacht agus sineirgí le hionstraimí dlí idirnáisiúnta eile, ar na buntáistí nuair a chloítear leis an gCoinbhinsiún agus ar an riosca nuair nach gcloítear leis, ar dhea-chleachtas sa chur chun feidhme, agus ar bhagairt na sceimhlitheoireachta a bhaineann le hábhar núicléach agus radaighníomhach. Oibreoidh UNOCT/UNCCT, i gcomhar le Clár UNOCT maidir le rannpháirtíocht pharlaiminteach chun sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, sa chlároifig in Doha, i ndlúthchomhar le heagraíochtaí parlaiminteacha idirnáisiúnta, réigiúnacha chun cloí leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn.

**Gníomhaíocht 1.2.3.: Cloí leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn trí cheardlanna réigiúnacha (UNODC)**

Chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na n-iarrachtaí um uiliú a rinneadh faoin gcéad tionscadal ICSANT de chuid an Aontais, eagróidh UNODC ceithre (4) cheardlann fhíorúla réigiúnacha, idir-réigiúnacha, fho-réigiúnacha, leantacha do lucht ceaptha beartas agus do chinnteoirí stát nach páirtithe fós iad in ICSANT (trí (3) cinn i mBéarla, ceann amháin (1) i bhFraincis).

Cuirfidh na ceardlanna fíorúla leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin gCinneadh ón gComhairle roimhe seo chun an inbhuanaitheacht a áirithiú. Déanfar ábhair ábhartha a fhorbrófar faoin tionscadal, mar shampla ríomhfhoghlaim agus lámhleabhair oiliúna, mar aon le hábhair leictreonacha múscailte feasachta (atá ar fáil cheana féin i ngach ceann de shé theanga oifigiúla na Náisiún Aontaithe) a dháileadh roimh na ceardlanna agus lena linn de réir mar is iomchuí. Chomh maith le díriú ar ICSANT, tabharfaidh na ceardlanna aghaidh ar shineirgí leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiciúil Ábhair Núicléach agus leis an leasú air, agus ar rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus beidh geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach iontu de réir mar is iomchuí (e.g. IAEA). Spreagfaidh UNODC stáit chun teachtaí den Pharlaimint a áireamh i measc na n-ainmnithe do na ceardlanna fíorúla.

**Gníomhaíocht 1.2.4.: An dara seimineár comhpháirteach IAEA-UNODC chun uiliú ICSANT agus an leasú ar CPPNM (UNODC) a chur chun cinn**

Ag tógáil ar an gcéad imeacht comhpháirteach rathúil a reáchtáladh an 11-12 Samhain 2021, eagróidh UNODC, i gcomhar le IAEA, an dara hócáid den chineál sin. Beidh an t-imeacht ar siúl i Vín na hOstaire.

**Gníomhaíocht 1.2.5.: Cloí leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn trí imeacht ardleibhéil ar imeall Chomhdháil Idirnáisiúnta IAEA 2024 maidir leis an tSlándáil Núicléach (UNODC)**

Ag tógáil ar an imeacht rathúil ar an imeall, imeacht a thionóil UNODC in 2020 ar imeall Chomhdháil Idirnáisiúnta IAEA maidir leis an tSlándáil Núicléach (ICONS), reáchtálfaidh UNODC imeacht ardleibhéil ag an gcéad ICONS eile i Vín na hOstaire in 2024. Is príomhchruinniú slándála núicléiche í an Chomhdháil a chuimsíonn mír aireachta agus clár eolaíoch agus teicniúil ina gcuimsítear plé ardleibhéil beartais agus seisiúin theicniúla chomhthreomhara. D'fhreastail breis agus 57 n-aire agus breis agus 2000 saineolaí ó 130 tír agus 35 eagraíocht idirnáisiúnta ar an gComhdháil dheireanach in 2020.

**Gníomhaíocht 1.2.6.: Cloí leis an gCoinbhinsiún a chur chun cinn trí imeacht ardleibhéil ar imeall na Seachtaine Frithsceimhlitheoireachta i Nua Eabhrac (UNOCT)**

Eagróidh UNOCT/UNCCT imeacht ardleibhéil le linn na Seachtaine Frithsceimhlitheoireachta ag na Náisiúin Aontaithe i Nua Eabhrac, teacht le chéile débhliantúil iontach feiceálach de na Ballstáit agus de chomhpháirtithe idirnáisiúnta frithsceimhlitheoireachta.

**Gníomhaíocht 1.2.7.: Imeacht ar an imeall maidir le gnéithe de chearta an duine agus ICSANT á chur chun feidhme (UNODC/UNOCT)**

Eagróidh UNODC agus UNOCT imeacht ar an imeall maidir le forálacha ICSANT um chearta an duine. I measc na gcainteoirí ar tugadh cuireadh dóibh tá an Rapóirtéir Speisialta maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac san am céanna, agus ionadaithe ó eagraíochtaí idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha eile. Leis an imeacht, *inter alia*, cuirfear le Curaclam Oiliúna Dlí Frithsceimhlitheoireachta Uimh. 4 UNODC *Human Rights and Criminal Justice Responses to Terrorism* [Cearta an Duine agus Freagairtí an Cheartais Choiriúil ar an Sceimhlitheoireacht], mar aon le Curaclam Oiliúna Dlí Frithsceimhlitheoireachta Uimh. 1 UNODC *Counter-Terrorism in the International Law Context* [Frithsceimhlitheoireacht i gComhthéacs an Dlí Idirnáisiúnta].

***Toradh 2: Feabhas a chur ar reachtaíocht náisiúnta agus ar chumas oifigeach ceartais choiriúil agus geallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile i dtíortha tairbhíocha cásanna ina mbeadh ICSANT ábhartha a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú.***

**Aschur 2.1.: Cuirtear cúnamh reachtach ar fáil do Stáit iarrthacha**

**Gníomhaíocht 2.1.1.: Cúnamh reachtach ábhartha chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha ICSANT agus cur i bhfeidhm an dlí ag oifigigh túslíne, ag údaráis forfheidhmithe dlí, ag ionchúisitheoirí agus ag na breithiúna a chumasú (UNODC)**

Tabharfaidh UNODC cúnamh reachtach ábhartha do stáit iarrthacha trí athbhreithnithe doiciméad, arna iarraidh sin agus de réir mar is iomchuí, ag tógáil ar fhorálacha coiriúlúcháin comhpháirteacha samhlacha UNODC-IAEA i gcoinne na sceimhlitheoireachta núicléiche, an ceistneoir féinmheasúnaithe a d'fhorbair UNODC agus a óstáiltear ar shuíomh gréasáin ICSANT UNODC, Lámhleabhar UNODC maidir le Cúnamh Dlí Frithpháirteach agus Eiseachadadh agus Uirlis Scríbhneora i ndáil le Cúnamh Dlí Frithpháirteach UNODC, dea-chleachtais arna sainaithint trí reachtaíocht náisiúnta chur chun feidhme Airteagal 2 de ICSANT a thiomsaigh UNODC, mar aon le huirlisí atá le forbairt ag UNODC faoi Aschur 2.3. Tabharfaidh UNODC an deis do thairbhithe na leasuithe reachtacha atá beartaithe a chur faoi bhráid parlaiminteoirí.

**Aschur 2.2.: Feabhas curtha ar chumas na gcóras ceartais choiriúil náisiúnta cionta a bhaineann le ICSANT a chosc, a bhrath, a chur faoi chois, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú**

Eagróidh UNODC cúig (5) sheimineár náisiúnta do *alumni* ionaid oideachais bhreithiúnaigh agus oiliúna breithiúnaí agus deich (10) seimineár gréasáin ar ghnéithe áirithe d'fheidhmiú ICSANT. Beidh UNODC ag brath ar an saineolas seanbhunaithe ar an ábhar a forbraíodh faoina chlár um sceimhlitheoireacht CBRN a chosc i gcomhréir leis an sainordú a thug Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe do UNODC.

**Gníomhaíocht 2.2.1.: Seimineáir náisiúnta d'ionaid oideachais bhreithiúnaigh agus oiliúna breithiúnaí (UNODC)**

Eagróidh UNODC cúig (5) sheimineár d'ionaid oideachais bhreithiúnaigh agus oiliúna breithiúnaí sna Stáit is Páirtithe chun gur féidir feabhas a chur ar a gcumas ICSANT a chur chun feidhme go héifeachtach agus feasacht a mhúscailt i leith an Choinbhinsiúin. Sna seimineáir, cuirfear i láthair, *inter alia*, an lámhleabhar maidir le cásanna bréige a bhaineann le cionta faoi ICSANT agus ábhair eile arna bhforbairt ag UNODC, iad siúd a forbraíodh faoi Aschur 2.3. ina measc, agus cuirfear modheolaíocht maidir le hoiliúint don oiliúnóir i bhfeidhm chun an inbhuanaitheacht a áirithiú.

**Gníomhaíocht 2.2.2.: Sraith seimineár gréasáin (UNODC)**

Déanfaidh UNODC deich (10) seimineár gréasáin maidir le príomhghnéithe éagsúla de ICSANT, mar shampla dlínse, eiseachadadh, cearta an duine, agus caomhnú fianaise, i measc nithe eile. Reáchtálfar na seimineáir ghréasáin i roinnt teangacha. Tabharfar cuireadh d'eintitis idirnáisiúnta eile, mar shampla IAEA, INTERPOL, CoE AE CBRN, agus Coiste 1540, i measc eintitis eile. Beidh taifeadtaí ar an seimineár gréasáin ar fáil ar líne chun an inbhuanaitheacht a chinntiú. Leis na cuirí chuig Buanmhisin déanfar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí náisiúnta ábhartha, parlaiminteoirí san áireamh, a spreagadh.

**Aschur 2.3.: Déantar uirlisí cúnaimh theicniúil a fhorbairt, a nuashonrú, a leathnú agus/nó a speisialú**

**Gníomhaíocht 2.3.1.: Suíomh gréasáin ICSANT (UNODC)**

Is é suíomh gréasáin ICSANT UNODC (unodc.org/icsant) an pointe tagartha do chleachtóirí ar fud an domhain ós rud é go bhfuil gach acmhainn a bhaineann leis an gCoinbhinsiún air, an stair nós imeachta, stádas i leith cloí leis an gCoinbhinsiún, ailt anailíseacha, bailiúchán reachtaíochta náisiúnta cur chun feidhme, uirlisí fothaithe acmhainneachta agus cúnamh teicniúil agus reachtach de chuid UNODC, ina measc. Ó seoladh é i mí Mheán Fómhair 2021, cheadaigh os cionn 10 000 úsáideoir an suíomh gréasáin. Déanfaidh UNODC an suíomh gréasáin a choinneáil ar bun, a nuashonrú go rialta agus a chur ar fáil i ngach teanga oifigiúil de na Náisiúin Aontaithe (an Araibis, an tSínis, an Béarla, an Fhraincis, an Rúisis agus an Spáinnis). Mar shampla, óstálfaidh an suíomh gréasáin gach uirlis nua a fhorbrófar, tuarascálacha ar imeachtaí agus reachtaíocht náisiúnta bhreise lena gcuirfear Airteagal 2 de ICSANT chun feidhme.

Ina theannta sin, óstálfaidh an suíomh gréasáin bunachar sonraí d'údaráis ainmnithe ICSANT (de réir aschur 4.1.).

**Gníomhaíocht 2.3.2.: Uirlisí speisialaithe cúnaimh theicniúil (UNODC)**

Forbróidh agus foilseoidh UNODC i gcóip chrua agus i leagan leictreonach ar shuíomh gréasáin ICSANT UNODC (unodc.org/icsant) uirlisí breise speisialaithe cúnaimh theicniúil maidir le ICSANT i ngach ceann de shé theanga oifigiúla na Náisiún Aontaithe. I measc na n-ábhar beidh an méid a leanas:

— Sraith straitéisí maidir le gnéithe éagsúla de ICSANT (e.g., dlínse, cearta an duine, urghabháil agus cosaint ábhair nach bhfuil faoi rialú rialála agus comhar idirnáisiúnta)

— Sraith straitéisí maidir le sineirgí leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiciúil Ábhair Núicléach (CPPNM) agus leis an leasú air

— Sraith straitéisí maidir le sineirgí le rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

— Sraith straitéisí maidir leis na forálacha coiriúla samhlacha lena gcumhdaítear na cionta a leagtar amach in ICSANT, CPPNM agus an leasú a ghabhann leis, arna bhforbairt go comhpháirteach ag IAEA agus UNODC

**Gníomhaíocht 2.3.3.: Físeán maidir le stair nós imeachta agus príomhfhorálacha ICSANT (UNODC)**

Cuirfidh UNODC físeán ar fáil ina míneofar stair nós imeachta agus príomhfhorálacha ICSANT. San fhíseán beidh fianaise ó roinnt Stát is Páirtithe agus ó gheallsealbhóirí eile, lena n-áiritheofar cothromaíocht gheografach agus inscne, agus béim á leagan ann ar an tábhacht a bhaineann le ICSANT. Beidh an físeán ar fáil i ngach ceann de shé theanga oifigiúla na Náisiún Aontaithe ar shuíomh gréasáin ICSANT UNODC (unodc.org/icsant).

***Toradh 3: Feabhas a chur ar bheartais, cleachtais agus nósanna imeachta chun bagairt na ngníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad, sceimhlitheoirí san áireamh, a fhaigheann ábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile, nó a shealbhaíonn agus/nó a úsáideann an t-ábhar sin, a chosc, a bhrath agus freagairt ar an mbagairt sin agus feabhas a chur ar an eolas agus an tuiscint ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus na sceimhlitheoireachta núicléiche agus ar iompar coiriúil eile a bhaineann leis na hábhair sin.***

**Aschur 3.1.: Neartaítear cumas na mBallstát fáil, seilbh agus/nó úsáid ábhair núicléach nó ábhair radaighníomhaigh eile a chosc, a bhrath agus freagairt ar an méid sin**

Eagróidh UNOCT/UNCCT ceithre (4) cheardlann réigiúnacha agus cleachtaí boird chun cur le cumas na mBallstát an sceimhlitheoireacht núicléach a chomhrac san Afraic, san Áise Láir agus i gCugas agus in Oirdheisceart na hEorpa agus in Oirthear na hEorpa. Leis na ceardlanna réigiúnacha agus leis na cleachtaí boird, cuirfear feabhas ar chumas na mBallstát a mhéid a bhaineann le brath, fóiréinsic, freagairt agus maolú sceimhlitheoireachta raideolaíche agus núicléiche, lena n-áirítear úsáid a bhaint as modheolaíocht shaincheaptha chun cabhrú le húdaráis náisiúnta ICSANT a chur chun feidhme go héifeachtach agus comhar idirnáisiúnta a fheabhsú, rud a léireoidh a thábhachtaí atá sé a bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún. Spreagfaidh na ceardlanna sainaithint seaimpíní réigiúnacha agus malartuithe dea-chleachtas Theas-Theas. Ina theannta sin, beidh roghnú na dtíortha bunaithe, *inter alia*, ar thorthaí agus chonclúidí an mheasúnaithe chomhpháirtigh de chuid UNOCT/UNCCT-INTERPOL *Global Threat Assessment on Non-State Actors and Their Potential Use of CBRNE Materials* [Measúnú ar an mbagairt dhomhanda a bhaineann le gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad agus an úsáid a d'fhéadfaidís a bhaint as ábhair CBRNE].

**Gníomhaíocht 3.1.1.: Ceardlanna réigiúnacha agus cleachtaí boird chun cur le cumas na mBallstát an sceimhlitheoireacht núicléach a chomhrac (UNOCT)**

Eagróidh UNOCT/UNCCT ceithre (4) cheardlann réigiúnacha agus cleachtaí boird sna réimsí seo a leanas:

**An sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac agus béim á leagan ar bhrath** chun críche fothaithe acmhainneachta i réimse an bhraite, ag díriú ar dhea-chleachtais a shainaithint agus a chur i bhfeidhm maidir le brath ábhair raideolaíoch/núicléach trí bhíthin faisnéise agus ionstraimí a chuireann le fothú acmhainneachta chun sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac ós rud é go mbaineann sé le bainistiú slándála teorann.

**An sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac agus béim á leagan ar fhóiréinsic** chun críche fothaithe acmhainneachta i réimse na fóiréinsice, ag díriú ar a thábhachtaí atá an fhóiréinsic núicléach, comhordú idirghníomhaireachta, agus rannchuidiú le fothú acmhainneachta chun an sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac.

**Sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac le béim ar fhreagairt agus ar mhaolú** chun críche fothaithe acmhainneachta i réimse na freagartha agus an mhaolaithe, ag díriú ar an gcumas freagairt ar bhealach éifeachtach, tráthúil agus comhordaithe ar theagmhais sceimhlitheoireachta a bhaineann le hábhar núicléach nó ábhar radaighníomhach eile mar ghné bhunriachtanach de chreat slándála núicléiche.

**Aschur 3.2. Is fearr anois an t-eolas agus an tuiscint atá ag na Ballstáit ar bhagairt na sceimhlitheoireachta raideolaíche agus núicléiche**

Eagróidh UNOCT/UNCCT ceithre (4) oiliúint náisiúnta spriocdhírithe ar an láthair do cheithre (4) Bhallstát chun cur leis an acmhainneacht sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac. Leis an oiliúint, cuirfear feabhas ar chumas na mBallstát, *inter alia*, an riosca agus an bhagairt a thuiscint, frithbhearta a fhorbairt, freagairt ar theagmhais a chleachtadh, agus bonneagar criticiúil agus príomhacmhainní a shainaithint agus a chosaint. Maidir leis na gníomhaíochtaí sin, bainfidh UNOCT/UNCCT tairbhe as an taithí fhairsing a fuarthas a bhuí leis an bpunann oiliúna arna forbairt agus arna cur chun feidhme faoin chlár domhanda maidir le hairm ollscriosta (WMD)/airm cheimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha, núicléacha (CBRN) a chosc agus freagairt orthu, a bhfuil os cionn 1 500 oifigeach oilte aige.

**Gníomhaíocht 3.2.1.: Oiliúint náisiúnta ar an láthair maidir leis an sceimhlitheoireacht raideolaíoch agus núicléach a chomhrac (UNOCT)**

Oibreoidh UNOCT/UNCCT leis na Ballstáit chun an oiliúint iomchuí frithsceimhlitheoireachta a shainaithint, de réir a dtosaíochtaí agus a riachtanas, mar a leanas:

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa bunúsach maidir le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha** lena gcuirtear ar chumas pearsanra freagairt go héifeachtach ar an staid raideolaíoch agus núicléach, lena dtugtar moltaí do fhreagróirí chun go mbeidh siad in ann oibriú i dtimpeallacht ina bhfuil oibreáin raideolaíocha agus núicléacha a d'fhéadfadh a bheith guaiseach.

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa Idirmheánach maidir le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha** lena gcomhtháthaítear topaicí ábhartha a bhaineann le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha. Áireofar leis sin, taispeántais agus cleachtaí praiticiúla, ina mbeidh cásanna réalaíocha a bhaineann le gáinneáil raideolaíoch a bhrath agus a dhíchumasú, ábhar raideolaíoch nó núicléach a shainaithint ar láthair na coire, agus guaiseacha agus fianaise raideolaíocha agus núicléacha a aithint.

**Oiliúint náisiúnta – Ardchúrsa maidir le bagairtí raideolaíocha agus núicléacha** lena gcumhdaítear bagairtí raideolaíocha agus núicléacha ar bhealach níos mionsonraithe agus béim ar leith á leagan ar ghléasanna scaipthe ábhair raideolaíoch agus ar ghléasanna núicléacha seiftithe.

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa maidir le frithbhearta raideolaíocha agus núicléacha** ina gcuirtear i láthair an cur chuige ilghníomhaireachta lena ndírítear ar fhrithbhearta a fhorbairt i leith bagairtí raideolaíocha agus núicléacha, agus ar an bhfreagairt chomhpháirteach ar theagmhais raideolaíocha agus núicléacha, ó phríomhghníomhaireachtaí náisiúnta, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, lucht custaim, gníomhaireachtaí slándála, céadfhreagróirí, lucht faisnéise, lucht sláinte poiblí, údaráis rialála, lucht tionscail, etc.

**Oiliúint náisiúnta – Cúrsa maidir le cosaint bonneagair chriticiúil** ina ndírítear ar earnálacha ar féidir ionsaí díreach a dhéanamh orthu, mar shampla stáisiúin núicléacha, imoibreoirí taighde núicléach, suíomhanna ina bhfuil foinsí raidió, nóid iompair, mar aon le hearnálacha a fhéadfaidh gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad díriú orthu chun teicneolaíochtaí íogaire agus rialaithe a fháil.

***Toradh 4: Feabhas a chur ar an gcomhar náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear malartú faisnéise, laistigh de na Stáit is Páirtithe agus eatarthu féin agus bearta éifeachtacha praiticiúla á gceapadh agus á nglacadh acu chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach.***

**Aschur 4.1.: Éascaítear malartú faisnéise de réir mar a éilíonn ICSANT**

Le héifeacht, an 3 Deireadh Fómhair 2022, rinne Oifig Gnóthaí Dlíthiúla na Náisiún Aontaithe (OLA) —arb í a chomhlíonann feidhmeanna taisclainne an Ardrúnaí don Choinbhinsiún seo — a chur de chúram ar UNODC go hoifigiúil, i bhfianaise a shainordaithe, a róil agus a shaineolais maidir le ICSANT, chun fógraí maidir le hainmniú údarás arna ndéanamh ag na Stáit is Páirtithe faoi Airteagal 7(4) a fháil agus a scaipeadh. Dá bhrí sin, seolfar gach fógra den chineál sin chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: unodc-icsant@un.org. Tá na fógraí a fuarthas le cur ar shuíomh gréasáin ICSANT UNODC agus — faoi réir tarchur breise ó UNODC chuig OLA — ar shuíomh gréasáin Bhailiúchán Conarthaí na Náisiún Aontaithe.

**Gníomhaíocht 4.1.1.: Feachtas chun na Stáit is Páirtithe in ICSANT a spreagadh chun údarás inniúil agus pointe idirchaidrimh a ainmniú de bhun Airteagal 7(4) den Choinbhinsiún (UNODC)**

Seolfaidh UNODC gníomhaíochtaí múscailte feasachta atá dírithe ar Stáit atá ina bpáirtithe cheana féin in ICSANT a spreagadh chun an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 7(4) a chomhlíonadh, lena gceanglaítear ar na Stáit is Páirtithe na Náisiúin Aontaithe a chur ar an eolas faoina n-údaráis inniúla agus a bpointí idirchaidrimh atá freagrach as faisnéis a bhaineann le ICSANT a sheoladh agus a fháil. Áireofar ar na gníomhaíochtaí litreacha a sheoladh chuig Buanmhisin ábhartha lena n-iarrtar orthu a n-oibleagáid faoi Airteagal 7(4) a chomhlíonadh; cruinnithe déthaobhacha a reáchtáil; bileoga agus ábhar for-rochtana eile a fhorbairt i ngach ceann de shé theanga oifigiúla na Náisiún Aontaithe.

**Gníomhaíocht 4.1.2.: Cruinniú na n-údarás náisiúnta inniúil agus na bpointí idirchaidrimh ICSANT (UNODC)**

Eagróidh UNODC an chéad chruinniú de na húdaráis inniúla agus na pointí idirchaidrimh sin i Vín na hOstaire, sa tríú bliain den tionscadal. Áireofar leis an gcruinniú, i measc nithe eile, bréagfhreachnamh comhordúcháin agus oiliúint maidir le conas a bheith ina phointe idirchaidrimh 7(4) éifeachtach. Díreofar an cruinniú ar na pointí idirchaidrimh náisiúnta agus ar gheallsealbhóirí náisiúnta ábhartha eile.

**Gníomhaíocht 4.1.3.: Seisiúin faisnéise fíorúla ICSANT do líonraí breithiúnacha agus slándála UNODC atá ann cheana (UNODC)**

Ag tógáil ar na líonraí comhair seanbhunaithe atá comhdhéanta de phointí fócasacha slándála agus breithiúnacha arna mbunú ag UNODC i réigiúin éagsúla ar fud an domhain (e.g., don tSaiheil, don Mheánoirthear agus don Afraic Thuaidh, agus don Aigéan Indiach), cuirfidh UNODC faisnéisithe teicniúla ar líne ar fáil agus oibreoidh sé go fíorúil i gcomhar leis na líonraí sin agus modheolaíocht maidir le hoiliúint don oiliúnóir á cur i bhfeidhm. Comhoibríonn pointí fócasacha na líonraí seanbhunaithe sin go rialta trí anailís a dhéanamh ar dhúshláin oibríochtúla, trí dhea-chleachtais a chomhroinnt mar fhreagairt ar na dúshláin sin agus trí chásanna ábhartha a phlé.

**Aschur 4.2.: Baineann na spriocphobail úsáid ar an leibhéal réigiúnach as dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh maidir le dul isteach in ICSANT agus cur chun feidhme ICSANT chun cur chun feidhme éifeachtach ICSANT agus na slándála núicléiche a mhéadú**

**Gníomhaíocht 4.2.1.: Cruinnithe de chuid Phobail na gCleachtóirí (UNOCT)**

Eagróidh UNOCT/UNCCT ceithre (4) chruinniú chun comhar náisiúnta idir cleachtóirí raideolaíocha agus núicléacha agus frithsceimhlitheoireachta a chur chun cinn chun feabhas a chur ar chomhroinnt eolais agus faisnéise, mar aon le comhordú idirghníomhaireachta. Leis na cruinnithe sin, tabharfar le chéile pobail cleachtóirí le hionadaithe ó ghníomhaireachtaí frithsceimhlitheoireachta, ó lucht custaim, ó chéadfhreagróirí, ó lucht faisnéise, ó bhreithiúna, ó údaráis forfheidhmithe dlí, ó chomhlachtaí cinnteoireachta/beartais, ó oifigigh sláinte poiblí, ó údaráis rialála núicléacha, etc. Cuirfidh na cruinnithe ar chumas phobail na gcleachtóirí bearnaí, dúshláin agus ceachtanna a foghlaimíodh a shainaithint mar aon le dea-chleachtais a chomhroinnt a bhaineann le malartú faisnéise, comhroinnt faisnéise agus comhar idirnáisiúnta. Cothóidh na pobail sin comhar agus comhordú na ngeallsealbhóirí a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach ICSANT agus na slándála núicléiche, agus bainfidh siad tairbhe as an Ardán um Nascadh & Foghlaim de chuid UNOCT. Seoladh an uirlis nuálach seo um fhothú acmhainneachta, atá ar líne, i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus leis an uirlis sin tugtar le chéile na Ballstáit, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil, meithleacha machnaimh, institiúidí taighde agus an tsochaí shibhialta chun seachadadh cúnaimh theicniúil phearsanta a threisiú. Is uirlis fhíorúil uathúil é an t-ardán lena sáraítear bacainní mar shampla costas, achair gheografacha, agus srianta paindéime trí acmhainní frithsceimhlitheoireachta (CT) agus acmhainní chun an t-antoisceachas foréigneach (PCVE) a chosc agus a chomhrac, a chur ar fáil atá inrochtana ag geallsealbhóirí agus cleachtóirí éagsúla tráth ar bith agus áit ar bith.

**CINNEADH (CBES) 2023/1188 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 19 Meitheamh 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/386/CBES maidir le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meitheamh 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/386/CBES ([1]).

(2) Ní thugann an tAontas aitheantas don ionghabháil neamhdhleathach arna déanamh ag Cónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus Sevastopol, ar sárú ar an dlí idirnáisiúnta í, agus cáineann sé an ionghabháil sin i gcónaí. Tá an tAontas fós daingean ina thiomantas do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus tá sé tiomanta a bheartas neamhaitheantais a chur chun feidhme go hiomlán.

(3) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2014/386/CBES, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 23 Meitheamh 2024.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/386/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh 2014/386/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 23 Meitheamh 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Lucsamburg, an 19 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
E. BUSCH

([1]) Cinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 maidir le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 70).

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2023/1189 ÓN gCOMHAIRLE**

**An 19 Meitheamh 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231 ([2]) mar fhreagra ar na bacainní a cuireadh ar an bpróiseas toghchánaíochta i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus ar na sáruithe ar chearta an duine. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231 leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha uathrialacha in Airteagal 3(2) de.

(3) Tar éis bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gcásanna T-93/22 ([3]) agus T-94/22 ([4]),, measann an Comhairle gur cheart dhá iontráil a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

E. BUSCH

---

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.

([2]) Cinneadh (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 I, 12.12.2016, lch. 7).

([3]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Márta 2023, Ramazani Shadary v an Chomhairle, T-93/22, ECLI:EU:T:2023:122.

([4]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Márta 2023, Mutondo v an Chomhairle, T-94/22, ECLI:EU:T:2023:120.

*IARSCRÍBHINN*

Scriostar na hiontrálacha seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES:

'8. Emmanuel Ramazani SHADARY;

9. Kalev MUTONDO.'.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA